

An Gníomhaireacht Eorpach um bainistiú oibríochtúil na gcóras TF mórsála i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais

Clár Oibre 2013

1.	ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN.....	4
1.1.	Spriocanna Straitéiseacha	4
1.2.	Príomhchuspóirí oibríochtúla.....	5
1.2.1.	Bainistiú Oibríochtúil na gCóras	5
1.2.2.	Imeachadh na n-úsáideoirí córas nua	6
1.2.3.	Slándáil agus an córas infreastruchtúir.....	6
1.2.4.	Monatóireacht, tuairisciú agus Staitisticí.....	7
1.2.5.	Oiliúint	7
1.2.6.	Comhar le Gníomhaireachtaí eile	7
1.2.7.	Monatóireacht ar thaighde agus faire teicneolaíochta	7
1.2.8.	Cumarsáid.....	7
1.2.9.	Bainistíocht airgeadais, infreastruchtúir, lóistíocht agus riarachán	7
1.2.10.	Tacaíocht don Bhord Bainistíochta agus do na Grúpaí Comhairleacha	8
1.2.11.	Forbhreathnú do chur chun feidhme na gcuspóirí seo i bhfianaise príomhrioscaí	8
2.	AN MHÍR GHINEARÁLTA	10
2.1.	Réamhrá	10
2.2.	Misean agus luachanna na Gníomhaireachta.....	10
2.3.	Fís	11
2.4.	Comhthéacs beartais agus forbhreathnú straitéiseach.....	11
2.5.	Spriocanna straitéiseacha ag léiriú fíis mheántéarmach na Gníomhaireachta	14
2.5.1.	Sprioc Straitéiseach 1: Comhtháthú agus struchtúr na Gníomhaireachta a chomhdhlúthú	14
2.5.2.	Sprioc Straitéiseach 2: Bogadh i dtreo a bheith mar lárionad barr feabhais	16
2.5.3.	Sprioc Straitéiseach 3: Ullmhúcháin chun chórais bhreise a ghlacadh.....	17
2.5.4.	Sprioc Straitéiseach 4: Gluaiseacht leanúnach chun éifeachtúlacht costais a optamú.....	18
2.6.	Príomhchuspóirí oibríochtúla.....	18
2.6.1.	Bainistiú Oibríochtúil na gCóras TF agus ullmhúcháin do chórais TF na todhchaí.....	19
2.6.2.	Slándáil agus an córas infreastruchtúir.....	24
2.6.3.	Monatóireacht, tuairisciú agus staitisticí	26
2.6.4.	Comhar le Gníomhaireachtaí, tionscadail agus gníomhartha eile i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais.....	26
2.6.5.	Oiliúint d'údaráis náisiúnta ar úsáid theicniúil na gcóras TF	29
2.6.6.	Monatóireacht ar thaighde agus faire teicneolaíochta	30
2.6.7.	Cumarsáid.....	31
2.6.8.	Bainistíocht airgeadais, infreastruchtúir, lóistíocht agus tascanna riaracháin	31
2.6.9.	Bord Bainistíochta agus Grúpaí Comhairleacha.....	32
2.7.	Cuspóirí oibríochtúla sainiúla agus táscairí feidhmíochta	33
2.7.1.	Cuspóirí le stiúradh ar leibhéal na Gníomhaireachta (le hionchur díreach ón Stiúrtóir Feidhmiúcháin).....	34
2.7.2.	Bainistiú agus Cothabháil Feidhmchlár.....	35
2.7.3.	Comhordú Ginearálta	37
2.7.4.	Iníúchadh Inmheánach	41

2.7.5.	Ábhair oibríochtúla agus Infreastruchtúr.....	41
2.7.6.	Acmhainní agus Ábhair Riaracháin.....	43
2.7.7.	Soláthar agus Conarthaí.....	46
2.7.8.	Slándáil.....	49
2.8.	Tuar buiséid – Dréachtbhuiséad 2013.....	51

1. Achoimre Feidhmiúcháin

Bunaíodh an Gníomhaireacht Eorpach um bainistiú oibríochtúil na gcóras TF mórsála i réimse na sairse, na slándála agus an cheartais de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 (IO L 286, 01.11.2011, lch. 1) a tháinig i bhfeidhm ar 21 Samhain 2011. Forálann an Rialachán go dtabharfaidh an Gníomhaireacht faoina príomhfhreagrachtaí ó Nollaig 2012.

Is é cuspóir an Chláir Oibre Bhlantúil seo ná cur síos a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí le baint amach ag an nGníomhaireacht i 2013, ag aistriú spriocanna straitéiseacha na Gníomhaireachta ina gcuspóirí bliantúla agus ag soláthar bonn don phleanáil bhuiséid.

An príomhthasc a bheidh ag an nGníomhaireacht ná bainistiú oibríochtúil de chuid VIS agus EURODAC a chinntiú agus na hullmhúcháin a thabhairt chun críche i ndáil le glacadh de láimh oibríochtaí SIS II. Anuas air sin, beidh dul-beo SIS II atá sceidealta le haghaidh Márta 2013 ina chlochmhíle rithábhachtach. Beidh ar an nGníomhaireacht a chinntiú go bhfuil sí ullamh go hiomlán le tabhairt faoin tasc dúshlánach de bhainistiú an chórais rithábhachtaigh seo ó thráth an ama sin ar aghaidh.

Go meántéarmach, forbróidh an Gníomhaireacht córais faisnéise mhórsála nua freisin sa réimse beartais seo, má fhoráiltear a leithéid le hionstraimí reachtúla ábhartha.

Beidh tionchar tábhachtach ag roinnt forbairtí geilleagracha, polaitiúla agus teicneolaíochta ar straitéis meántéarmach go fadtéarmach na Gníomhaireachta agus ar an gcaoi ina aistrítear é seo go spriocanna oibríochtúla don bhliain 2013. Ba mhór an tionchar a bhí ag an ngéarchéim eacnamaíoch ar bhuiséid náisiúnta agus tá glaonna ar bhreis freagrachta agus éifeachtúlachta i ngach réimse beartais AE mar thoradh uirthi. Mar sin, beidh ar an nGníomhaireacht tairbhí a cuid infheistíochtaí agus caiteachais a léiriú go soiléir, chomh maith le cruthú gur féidir léi luach ar airgead a chur ar fáil go córasach. Fachtóir eile atá ann ná an éagobhsaíocht pholaitiúil i dtíortha áirithe na hAfraice Thuaidh agus sa mheánoirthear. Tá an mórphlódú isteach de dhaoine ó na tíortha seo go dtí an AE, in éineacht le treochnaí nua sa sreabhadh imirceach i dtreo an AE, tar éis aird a dhíriú ar an tábhacht atá le córais éifeachtacha TF a bheith i bhfeidhm chun na teorainneacha seachtracha a bhainistiú agus comhar na n-údarás ábhartha a fheabhsú. Lena chois sin, tá siad tar éis aird a dhíriú ar infheictheacht pholaitiúil na gcóras seo freisin.

Beidh aghaidh á thabhairt ag an nGníomhaireacht freisin ar dhúshlán mar gheall ar chastacht na gcóras TF sa réimse beartais seo, ag eascairt ó líon na bpáirtithe leasmhara agus cuspóirí agus riachtanais uailmhianacha na bpáirtithe leasmhara céanna.

1.1. Spriocanna Straitéiseacha

I bhfianaise na faisnéise thuas, seo a leanas ceithre sprioc straitéiseach na Gníomhaireachta:

1. Comhtháthú agus struchtúr na Gníomhaireachta a chomhdhlúthú

Na bearta riachtanacha a chur chun feidhme chun dea-rialachas a chinntiú agus chun comhar agus forbairt foirne a neartú, d'fhonn seirbhís gan uaim a sheachadadh ar spriocanna ag sárú aonaid agus láithreacha difriúla na Gníomhaireachta.

2. Bogadh i dtreo a bheith mar lárionad barr feabhais

Saineolas agus dea-chleachtais a chothú agus a fheabhsú laistigh den eagraíocht agus rialachas éifeachtúil, struchtúr, acmhainní, uirlisí faisnéise, nósanna imeachta agus modheolaíochtaí le cur ar chumas na Gníomhaireachta bogadh ar aghaidh i dtreo bheith ina lárionad barr feabhais chun córais TF mórsála a bhainistiú agus a fhorbairt i réimse na saoirse, an cheartais agus na slándála. Príomhchuid den phróiseas seo ná ailíniú spriocanna gnó agus TFC a chinntiú, trí Rialachas Fiontraíochta TFC a chur chun feidhme.

3. Ullmhúcháin chun córais bhreise a ghlacadh ar bord

Faoi réir glacadh le boinn dlí Chlár na dTaistealaithe Cláraithe agus an Chórais Isteach Amach, d'fhéadfaí iarraidh ar an nGníomhaireacht tosú ar na córais seo a fhorbairt amhail ó 2015. Ba cheart don Gníomhaireacht tosú ag pleanáil chun cinn cheana féin, ar bhonn straitéiseach, ag réamh-mheas na riachtanais shonracha infreastruchtúir, foirne agus eagraíochtúla dá cuid, le haire ar an bhfaisnéis airgeadais sna tograí reachtúla do na córais seo.

4. Gluaiseacht leanúnach chun éifeachtúlacht costais a optamú

Le bogadh i dtreo an chuardaigh réamhghníomhaigh le haghaidh bealaí níos cost-éifeachtúla chun an leibhéal seirbhíse atá riachtanach nó barr feabhais teicniúil a sholáthar maidir le hibríochtaí inmheánacha na Gníomhaireachta féin agus na córais TF atá faoina bainistíocht. Áirítear anseo iniúchadh ar an scóip i leith coigiltis costais a ghnóthú do pháirtithe leasmhara.

1.2. Príomhchuspóirí oibríochtúla

Cuireadh blocanna tógála bunúsacha, infreastruchtúir agus feidhmeanna na Gníomhaireachta seo i bhfeidhm i 2012, ag ceadú di a príomhthascanna um bainistiú oibríochtúil a chur i bhfeidhm don dá chóras atá á bainistiú aici cheana. Ón gcuid luath de 2013 i leith, tosódh an Gníomhaireacht ag bogadh i dtreo céim níos forghníomhaí.

Ar cheann de na chéad chéimeanna le glacadh sa treo seo ná rialachas imleor a chur i bhfeidhm chun ailíniú spriocanna gnó agus TFC na Gníomhaireachta a chinntiú, chomh maith le cruthú luacha ó fhorbairtí gnó atá cumasaithe le TF, trí chaighdeán agus múnlaí gnó aitheanta a chur i bhfeidhm sa réimse seo, mar atá, an múnla Rialachas Fiontraíochta TFC, leibhéal aibíochta riachtanacha an chreata COBIT do rialachas TF agus dea-chleachtais bhainistíocht seirbhíse TF ó ITIL. Oibreoidh an Gníomhaireacht freisin chun bainistíocht cháilíochta iomlán a chur i bhfeidhm, d'fhonn ISO 9001 a chur i bhfeidhm go hiomlán ar bhonn meántéarmach.

Tar éis earcú an chéad 75 comhalta foirne i 2012, mar a samhlaíodh i bPlean Bunaíochta na Gníomhaireachta agus sa bhuiséad, earcófar 45 comhalta foirne eile i 2013.

Is iad seo a leanas príomhchuspóirí oibríochtúla na Gníomhaireachta i 2013:

1.2.1. Bainistiú Oibríochtúil na gCóras

Déanfaidh an Gníomhaireacht gach tasc riachtanach do bhainistiú oibríochtúil VIS agus EURODAC, chun leanúnachas oibríochtaí a chinntiú 24 uair sa lá, 7 lá in aghaidh na seachtaine, chomh maith leis na hullmhúcháin deiridh a dhéanamh le glacadh le bainistiú oibríochtúil SIS II. Amhail ó Mhárta 2013, déanfaidh sí gach tasc riachtanach chomh maith chun an córas seo a oibriú.

Maidir le hobair a bhí déanta ag conraitheoirí ar na córais seo, ní dhéileálfaidh an Gníomhaireacht ar dtús ach le maoirseacht oibríochtúil. Glacfaidh sí leis an bhfreagracht airgeadais agus conartha amhail ón am a bhronnfar neamhspleáchas airgeadais uirthi.

- Tosaíocht shonrach amháin do SIS II i 2013 ná ullmhú go mionchúiseach le glacadh le hoibriú an chórais seo, d'fhonn a chinntiú go gcomhlíontar na táscairí leibhéal seirbhíse riachtanacha go hiomlán ón tús.
- Críochnóidh an Coimisiún na nósanna imeachta chun conradh cothabhála SIS II a chríochnú ar son na Gníomhaireachta. Ullmhóidh an Gníomhaireacht chun gnéithe oibriúcháin den chonradh seo a ghlacadh (maoirseacht ar ullmhúcháin chun an córas a chothabháil agus an obair chothabhála féin amhail ó Mhárta 2013).
- I measc na gcuspóirí ar leith a bheidh ann do VIS i 2013, áireofar a chinntiú go mbeidh saintréithe teicniúla VIS in ann tacú le rolladh amach domhanda. Beidh an Gníomhaireacht freagrach freisin as maoirseacht agus monatóireacht na hoibre faoin gconradh chun an VIS a choinneáil i ndeisiú agus in ord ceart oibre agus glacfaidh sí le freagracht as obair faoin gconradh seo chun an VIS a uasghrádú ina dhiaidh seo. Ar deireadh, cinnteoidh an Gníomhaireacht tástáil rathúil VISMAIL 2 chomh maith céanna faoi dheireadh na bliana.
- Maidir le EURODAC, príomhthosaíocht amháin a bheidh ag an nGníomhaireacht i 2013 ná a chinntiú go mbainfear an córas seo ó Lucsamburg agus go n-aistrefar é go Strasbourg agus Sankt Johann im Pongau ag tús na bliana. Cuimseoidh sé seo maoirsiú oibriúcháin obair na gconraitheoirí sa chreat conarthaí soláthair a bhaineann leis an mbaint seo, mar shampla, maidir le trealamh breise TF ar bith a d'fhéadfadh a bheith de dhíth. Is é an dara príomhthosaíocht ná tús a chur le cur i bhfeidhm athruithe an chórais a bhfuil coinne leo sa Rialachán Athmhúnlaithé, faoi réir glacadh leis an ionstraim seo.

1.2.2. Imeascadh na n-úsáideoirí córas nua

Tosaíocht amháin a bheidh ann ná cabhrú leis an gCróit lena hullmhúcháin theicniúla le haghaidh aontachais leis na córais TF atá á mbainistiú ag an nGníomhaireacht agus atá á ndianú anois mar gheall ar a hullmhúcháin do theacht isteach san AE i lár 2013. Ar na gníomhaíochtaí eile a bheidh ann sa réimse seo, beidh cúnamh don Chipir lena hullmhúcháin chun ullmhacht theicniúil a bhaint amach i rith 2013, le bheith comhtháite le SIS II agus VIS. Ní féidir an Chipir a chomhtháthú i gceart leis na córais seo go dtí go mbeidh coinníollacha riachtanacha an chuir i bhfeidhm do gach cuid de acquis Schengen comhlíonta, mar a bhfuil foráil déanta dó san Acht Aontachais, 2003. Beidh cúnamh ag teastáil ó Bhallstáit áirithe eile le ceisteanna teicniúla a bhaineann lena gcomhtháthú le SIS II amach anseo Baineann sé seo ach go háirithe leis an Ríocht Aontaithe agus le hÉire ar dhócha a chomhtháthóidh isteach sa chóras seo ó 2014 ar aghaidh.

1.2.3. Slándáil agus an córas infreastruchtúir

Cuirfidh an Gníomhaireacht bearta slándála agus bearta leanúnachais ghnó i bhfeidhm agus chun feidhme dá heagraíocht féin, do na córais a bheidh á mbainistiú agus do líonraí cumarsáide na gcóras seo, le cois aon tascanna slándála eile atá tuartha sa Rialachán bunaidh agus sna hionstraimí dlí do na córais TF a chur i gcrích.

Maidir le hinfreastruchtúr cumarsáide na gcóras TF faoi bhainistiú na Gníomhaireachta, ar an gcéad dul síos, beidh an Gníomhaireacht freagrach as maoirseacht, slándáil agus comhordú an chaidrimh idir na Ballstáit agus an soláthraí líonra le haghaidh an infreastruchtúir chumarsáide do EURODAC agus VIS. Beidh sé seo i gceist freisin maidir leis an infreastruchtúr cumarsáide le haghaidh SIS II, tar éis tús a chur le oibriú an chórais seo i Márta 2013. Anuas air sin, cinnteoidh an Gníomhaireacht go mbeidh meas iomlán ag soláthraithe seachtracha líonra na hearnála príobháidí ar na bearta slándála agus nach mbeidh aon teacht acu ar shonraí oibriúcháin sna córais TF.

1.2.4. Monatóireacht, tuairisciú agus Staitisticí

Cuirfidh an Gníomhaireacht tuairisciú agus staitisticí maidir le húsáid córas TF i dtoll a chéile le linn di fheidhmiú na gcóras a bhainistiú agus a mhonatóiriú, mar atá tuartha i mboinn dlí na gcóras TF seo agus arna léiriú sa Rialachán bunaidh. Tuairisceoidh sé go rialta do Pharlaimint, Comhairle agus Coimisiún na hEorpa maidir le feidhmiú teicniúil na gcóras, lena n-áirítear slándáil na gcóras mar aon leis an eolas a theastaíonn uaidh a thabhairt don Choimisiún le cur ar a chumas meastóireacht rialta a dhéanamh ar VIS, EURODAC agus SIS II.

1.2.5. Oiliúint

Soláthróidh an Gníomhaireacht oiliúint ar úsáid theicniúil SIS II, VIS agus EURODAC do na húdaráis Náisiúnta ag glacadh páirte sna córais seo. Soláthróidh sí oiliúint freisin d'fhoireann SIRENE (SIRENE- Supplementary Information Request at the National Entries) agus oiliúint do chomhaltáí um fhoireann meastóireachta Schengen agus príomhshaineolaithe ar ghnéithe teicniúla SIS II. Tá eolas breise ar eagrú na hoiliúna ar na córais seo agus ar na bearta is gá a dhéanamh chun comhoibriú idir Gníomhaireachtaí éagsúla an AE atá i gceist a chinntiú (CEPOL le haghaidh oiliúint na n-údarás forfheidhmithe dlí ar SIS II agus SIRENE agus CEPOL agus FRONTEX le haghaidh na hoiliúna ar mheastóirí Schengen), tá sé tugtha i bpointe 2.6.5 thíos.

1.2.6. Comhar le Gníomhaireachtaí eile

Leanfar le comhar le Gníomhaireachtaí dála CEPOL, EASO, ENISA, EUROJUST, EUROPOL, FRONTEX agus FRA i 2013. Ullmhófar plean gníomhaíochta ina sonrú spriocanna agus cuspóirí soiléire maidir le comhar le gach ceann de na Gníomhaireachtaí seo. Beidh comhlántacht ina príomhchuspóir le haghaidh iliomad de na caidrimh seo. Chomh maith leis sin, déanfaidh an Gníomhaireacht cuntas de chaighdeán Eorpacha agus idirnáisiúnta, Straitéis Bainistíochta Faisnéise an AE go háirithe agus leanfaidh sí le forbairtí ina dhiaidh sin leis an tSamhail Malartaithe Faisnéise Eorpach.

1.2.7. Monatóireacht ar thaighde agus faire teicneolaíochta

Cuirfidh an Gníomhaireacht tús le gníomhaíochtaí chun monatóireacht a dhéanamh ar thaighde agus faire ar theicneolaíocht i rith 2013, agus cuirfear torthaí na hoibre seo san áireamh sa chinnteoireacht ar cheisteanna teicniúla agus cuspóirí gnó. Mar a luadh thuas, cinnteoidh cur i bhfeidhm creat rialachais chuig go mbeidh torthaí na hoibre seo dírithe ar chuspóirí gnó na Gníomhaireachta a chomhlíonadh.

1.2.8. Cumarsáid

Eagróidh an Gníomhaireacht gníomhaíochtaí cumarsáide ar a conlán féin i réimsí a tascanna féin lena n-áirítear a láithreán gréasáin féin a bhunú. Beidh sí bainteach freisin in eagrú an fheachtais faisnéise ar SIS II i rith 2013. Tá an Coimisiún ag beartú go gcuimseofaí saineolaithe SIRENE chomh maith in ullmhú an fheachtais ar SIS II, trí fhoirmiú SIRENE an Choiste um SIS VIS.

1.2.9. Bainistíocht airgeadais, infreastruchtúir, lóistíocht agus riarachán

Comhdhlúthóidh an Gníomhaireacht a foirne agus nósanna imeachta airgeadais, agus é mar aidhm neamhspleáchas airgeadais a bhaint amach i rith na bliana agus cur chuige ar bhealach níos forghníomhaí, ar mhaithe le luach ar airgead a chinntiú ar fud raon iomlán a gníomhaíochtaí.

Le linn na céime bunaidh d'oibríochtaí na Gníomhaireachta, sula mbronnar neamhspleáchas airgeadais uirthi, cuirfidh an Coimisiún bailchríoch ar roinnt conarthaí, lena n-áirítear na conarthaí MWO le haghaidh SIS II agus VIS a bhfuil tagairt dóibh i bpointí 2.6.1.1 agus 2.6.1.2, in ainm na Gníomhaireachta. A luaithe agus a mbronnar neamhspleáchas airgeadais ar an nGníomhaireacht, glacfaidh sí freagracht as cúrsaí airgeadais i ndáil leis na conarthaí seo.

Beidh an Ghníomhaireacht ag obair ar bhonn plean soláthair a chuirfear in iúl don Bhord Bainistíochta. Cuirfear an Bord Bainistíochta ar an eolas chomh maith céanna faoi phríomhghlaonna ar thairiscintí. D'fhéadfaí cuireadh a thabhairt do shaineolaithe na mBallstát ar bhonn cás ar chás, ar mhaithe le saineolas teicniúil a sholáthar do shainmhíniú doiciméid agus nósanna imeachta tairisceana.

Príomhthosaíochtaí a bheidh ann i réimse na bainistíochta agus lóistíocht foirgníochta ná cinntiú go bhfuil an obair ar an áitreabh buan i dTaillinn agus oibreacha chun uasghrádú breise a dhéanamh ar an suíomh teicniúil in Strasbourg d'fhonn freastal ar riachtanais amach anseo á ndéanamh go hiomlán de réir an sceidil ama go fóill.

Tá eolas breise ar na cuspóirí oibríocháin ar leith atá ag an nGníomhaireacht seo agus ar tháscairí gaolmhara, lena n-áirítear cuspóirí atá socraithe le haghaidh tascanna riachtanacha riaracháin nach bhfuil tagairt déanta dóibh thuas, tá siad tugtha i bpointe 2.7 den chlár oibre seo.

1.2.10. Tacaíocht don Bhord Bainistíochta agus do na Grúpaí Comhairleacha

Soláthróidh struchtúr riaracháin na Gníomhaireachta tacaíocht leanúnach don Bhord Bainistíochta agus d'obair na nGrúpaí Comhairleacha.

- Leanfaidh an Bord Bainistíochta de chinntiú go leanann an Ghníomhaireacht de bheith ag obair ar na tascanna atá leagtha síos di faoin Rialachán bunaithe ar an gcaoi is costéifeachtaí agus aird á tabhairt ar spriocanna straitéiseacha meántéarmacha. Chomh maith le faomhadh na ndoiciméad caighdeánach sa timthriall bliantúil buiséadach agus pleanála, cuimseoidh ceisteanna ar leith atá le bheith cinnte ag an mBord Bainistíochta i rith 2013 ceisteanna a bhaineann le hullmhú an áitribh bhua in i dTaillinn agus críochnú oibreacha ar an láthair theicniúil in Strasbourg. Chomh maith leis sin, beidh uirthi cinntí a fhorhnuiniú maidir le baint EURODAC (féach freisin pointe 1.2.9 maidir le bearta chun an Bord Bainistíochta a chur ar an eolas faoi cheisteanna a bhaineann le soláthar).
- I measc na dtosaíochtaí a bheidh ag na Grúpaí Comhairleacha i 2013 beidh cumas VIS riachtanais theicniúla an rolladh amach domhanda a chomhlíonadh, obair leantach ar oibríochtaí SIS II a chur chun feidhme, méadú ar úsáid an chórais seo, ceisteanna teicniúla a bhaineann le hathlonnú EURODAC ó Lucsamburg go Strasbourg agus Sankt Johann im Pongau agus glacadh le EURODAC d'fhonn cuntas a dhéanamh den Rialachán Athmhúnlaith amach anseo. Tosaíocht eile a bheidh ag na grúpaí go léir ná ullmhúcháin theicniúla le haghaidh aontachas na mBallstát nua, go háirithe an Chróit, leis na córais TF seo, comhtháthú tíortha amhail an Ríocht Aontaithe agus Éire le SIS II agus ullmhúcháin chun ullmhacht theicniúil na Cipire le dul isteach in SIS II agus VIS a chinntiú.

1.2.11. Forbhreathnú do chur chun feidhme na gcuspóirí seo i bhfianaise príomhrioscaí

Tá na cuspóirí a socraíodh le haghaidh na Gníomhaireachta seo dúshlánach agus tá ionchais na bpáirtithe leasmhara thar a bheith uailmhianach. I rith 2013, táthar ag súil leis go ngníomhóidh an Ghníomhaireacht go tapa le dul chun cinn lena misean bunúsach maidir le hoibriú na gcórais TF, i dtreo a bheith ina lárionad barr feabhais ag déileáil le córais thar a

bheith speisialaithe i dtimpeallacht chasta teicniúil agus páirtithe leasmhara. Amhail cás timpeallacht chasta ghnó ar bith, tá rioscaí ag baint le hoibríochtaí na Gníomhaireachta. Aithníodh roinnt rioscaí criticiúla i réimse na n-acmhainní airgeadais, an fháil atá ar áitreabh agus an t-aistriú i dtreo neamhspleáchas airgeadais. Tá pleananna gníomhaíochta i bhfeidhm le díriú ar na rioscaí seo go léir. Déanfaidh an Gníomhaireacht monatóireacht dhlúth ar chur i bhfeidhm na bpleananna gníomhaíochta seo agus forbairtí ar bith eile amach anseo i nochtadh do rioscaí. Beidh comhdhlúthú na bhfoirne agus cur i bhfeidhm nósanna imeachta rialachais atá riachtanach le cur ar chumas na Gníomhaireachta a feidhmeanna go léir a chur i gcrích, beidh siad mar thosaíocht, fad is a bhainistítear na rioscaí a bhaineann lena hoibríochtaí go héifeachtach. I bhfianaise an mhéid thuas, tá lucht bainistíochta na Gníomhaireachta muiníneach go gcomhlíonfaidh sí ionchais na bpáirtithe leasmhara i mbaint amach a spriocanna agus a cuspóirí.

2. An Mhír Ghinearálta

2.1. Réamhrá

Bunaíodh an Gníomhaireacht Eorpach um bainistiú oibríochtúil na gcóras TF mórsála i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 (IO L 286, 01.11.2011, lch. 1) a tháinig i bhfeidhm an 21 Samhain 2011. Forálann an Rialachán go dtabharfaidh an Gníomhaireacht faoina príomhfhreagrachtaí ó mhí na Nollag 2012.

Ní mór don Bhord Bainistíochta an Clár Oibre Bliantúil don Gníomhaireacht a ghlacadh faoin 30 Meán Fómhair gach bliain, de réir théarmaí sainiúla Airteagal 12 den Rialachán bunaitheach, tar éis dóibh tuairim an Choimisiúin a fháil. Déanfaidh an Bord Bainistíochta an clár oibre glactha a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún agus déanfar é a fhoilsiú. De réir an Rialacháin bhunaitheach, soláthrófar an clár oibre bliantúil i dteangacha oifigiúla uile institiúidí an Aontais.

Is é cuspóir an Chláir Oibre Bhliantúil ná na gníomhaíochtaí a bheidh le cur i gcrích ag an nGníomhaireacht sa bhliain sin a shonrú agus a chomhaontú, d'fhonn na tascanna dá dtagraítear i gCaibidil II den Rialachán thuasluaite a chomhlíonadh. An cuspóir atá aige ná spriocanna straitéiseacha na Gníomhaireachta a aistriú ina gcuspóirí bliantúla agus bonn a sholáthar chun pleanáil bhuiséadach a dhéanamh.

Dá bhrí sin, tá dlúthbhaint idir an Clár Oibre agus a chur chun feidhme agus ullmhú agus forfheidmiú Dhréachtbhuiséad na Gníomhaireachta le haghaidh 2013, lena dtugtar údar do leithdháileadh acmhainní ar theidil, chaibidil agus airteagail éagsúla.

Faoi mar a luadh thuas, cuireadh an Gníomhaireacht nua seo ar bun ag deireadh 2011. Cuireadh bloic thógála bunaidh, infreastruchtúir agus feidhmeanna na Gníomhaireachta ar bun i 2012, lena cuireadh ar a cumas a príomhthascanna a chomhlíonadh maidir le bainistiú oibríochtúil VIS agus EURODAC agus maidir le hullmhú chun feidhmiú SIS II a ghlacadh ó Mhárta 2013.

Déanann an Clár Oibre reatha cur síos ar thascanna na Gníomhaireachta i 2013, agus é ar intinn tabhairt faoi:

- Seachadadh leanúnach na bpríomhsheirbhísí i ndáil leis na córais TF faoina cúram a bhainistiú agus a fheidhmiú
- Tabhairt chun críche na gcéimeanna deiridh i bhforbairt agus i gcomhdhlúthú na heagraíochta
- Bogadh ar aghaidh go céim níos réamhghníomhaí, agus an comhthéacs straitéiseach agus na spriocanna a bhfuil cur síos orthu in 2.5 thíos á dtabhairt faoi deara.

2.2. Misean agus luachanna na Gníomhaireachta

An príomh-mhisean atá ag an nGníomhaireacht ná feidhmiú leanúnach, gan bhriseadh a chinntiú i ndáil le bainistiú oibríochtúil na gcóras TF mórsála Eorpaigh i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais

Go meántéarmach, forbróidh sí córais faisnéise mórsála nua sa réimse beartais seo, má dhéantar foráil dá leithéid in ionstraimí reachtúla ábhartha.

Déanfaidh na córais arna mbainistiú ag an nGníomhaireacht rannchuidiú tábhachtach maidir le slándáil agus saorghluaiseacht a choimeád idir theorainneacha Schengen agus i dtreo Limistéar Schengen.

Tá gníomhaíochtaí uile na Gníomhaireachta á stiúradh ag faisnéis theicniúil agus gheilleagrach.

Cinntíonn an Gníomhaireacht go mbaintear amach a cuid gníomhaíochtaí ag cinntiú bainistíocht airgeadais iontaofa.

Is comhlacht bainistithe oibríochtúil iontaofa í an Gníomhaireacht, a bhfuil meas mór ag Ballstáit, agus páirtithe leasmhara eile sna córais faoina bainistíocht, uirthi.

Tá pearsanra na Gníomhaireachta agus an t-ardleibhéal saineolais atá acu agus a ngairmiúlacht mar bhunchloch a héifeachtúlachta agus a hiontaofachta. Coinneoidh an Gníomhaireacht beartais laistigh dá heagraíocht lena chinntiú go bhfuil sí ina fostaí iomaíoch agus go dtabharfar meas iomlán ar scileanna a cuid pearsanra.

Ina cuid gníomhaíochtaí uile, cinntíonn an Gníomhaireacht géilliúlacht iomlán le riachtanais dlí, lena n-áirítear, ach go háirithe, na forálacha slándála agus cosanta sonraí is infheidhme do na córais á mbainistiú aici.

2.3. Fís

Lárionad barr feabhais le haghaidh forbairt agus bainistiú oibríochtúil na gcóras TF mórscaála i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais, ag seachadadh seirbhísí costéifeachtacha ar an leibhéal is airde, ag rathú leanúnachas oibríochtaí agus ag soláthar fís straitéiseach de na teicneolaíochtaí, réitigh agus feidhmchláir a bhfuil gá leo chun freastal ar ionchais na bpáirtithe leasmhara amach anseo.

2.4. Comhthéacs beartais agus forbhreathnú straitéiseach

Bhí bunú na Gníomhaireachta seo beartaithe cheana féin sna hionstraimí reachtúla don Dara Glúin de Chóras Faisnéise Schengen (SIS II) a glacadh i 2006-2007 agus an Rialachán VIS a glacadh i 2008. I gComhráitis ón trí institiúid faoi bhainistiú fadtéarmach na gcóras sin, thug Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle cuireadh don Choimisiún na tograí riachtanacha a chur i láthair go gasta agus thiomnaigh siad go nglacfaí iad in am trátha chun dóthain ama a thabhairt don Gníomhaireacht dul i mbun a cuid gníomhaíochtaí go hiomlán faoi 2012. Tugadh aird ar na gealltanais pholaitiúla sin.

Tá cruthú na Gníomhaireachta suite i gcomhthéacs polaitiúil chlár Stóicólm agus an phlean gníomhaíochta lena gcuirtear an clár seo i bhfeidhm, lena bunáodh an creat do fhreagairt an AE ar mhórdhúshláin sa réimse beartais seo agus lena léiríodh roinnt príomhfhorbairtí i slándáil agus bainistiú teorann thar an tréimhse seo amach romhainn.

Sa bhreis air sin, sa Straitéis Slándála Inmheánaí (ISS) a glacadh i bhFeabhra 2010 aithnítear "Nearthú na slándála trí bhainistiú teorann" mar cheann de 5 chuspóir straitéiseach ina bhféadfadh an AE breisluach réadach a bhaint amach thar na ceithre bliana seo amach romhainn.

Beidh tionchar tábhachtach ag roinnt forbairtí geilleagracha, polaitiúla agus teicneolaíochta ar straitéis meántéarmach go fadtéarmach na Gníomhaireachta agus ar an gcaoi ina aistrítear é seo go spriocanna oibríochtúla do 2013.

Rinneadh gearrthacha buiséid suntasacha ar leibhéal na mBallstát de bharr na géarchéime eacnamaíche leanúnaí agus tá cuntasacht agus éifeachtúlacht níos mó de dhíth i ngach

réimse beartais mar thoradh. Is cosúil go bhfanfaidh an scéal amhlaidh ar feadh tamaill mhaith sa mheántearma, agus beidh srianta tromchúiseacha agus grinnschrúdú méadaithe ar infheistíochtaí nua i dteicneolaíochtaí faisnéise, ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ar leibhéal na mBallstát araon. Dá bhrí sin, beidh sé ina phríomhchuspóir tairbhí infheistíochtaí agus chaiteachas na Gníomhaireachta a léiriú do pháirtithe leasmhara agus don tsochaí i gcoitinne, chun fianaise shoiléir a sholáthar ar a breisluach, a cost-éifeachtúlacht, bainistiú fóna airgeadais agus ar an bhféidearthacht go n-éireodh léi coigiltis a bhaint amach do Bhallstáit trí theicneolaíochtaí nua a chur i bhfeidhm agus próisis níos éifeachtúla a thabhairt isteach le haghaidh na gcóras faoina bainistíocht. Is é an toradh a bheidh air sin, mar shampla, ná bogadh i dtreo tosú ar scála beag agus leathnú go hincriminteach chomh fada is a bhaineann le hinfeistíochtaí isteach agus córais nua a fhorbairt.

Beidh tionchar ag roinnt feiniméin pholaitiúla agus shochaíocha fós ar thimpeallacht na gcóras TF arna mbainistiú ag an nGníomhaireacht. De thoradh ar fhorbairtí polaitiúla i dtírú tíortha comharsanachta le bliain anuas, go háirithe an éagobhsaíocht i dtíortha áirithe na hAfraice Thuaidh agus sa Mheánoirthear, bhí insnithe móra daoine ag teorainneacha theas an AE agus, níos ginearálta, bhí treochtaí agus dúshlán nua le feiceáil sna sreafaí imirce i dtreo an Aontais. De bharr na bhforbairtí sin, méadaíodh infheictheacht saincheistenna um bainistiú teorann seachtraí go suntasach, tarraingíodh aird ar an tábhacht a bhaineann le córais éifeachtacha a bheith ann chun na teorainneacha a rialú, slándáil a choinneáil, iarratais ar thearmann a bhainistiú go héifeachtach agus próisis eisiúna víosa a chur i bhfeidhm.

Beidh na córais arna mbainistiú ag an nGníomhaireacht dá réir sin infheicthe go soiléir agus faoi mhionscrúdú.

Cabhróidh an Gníomhaireacht leis an gCróit lena hullmhúcháin theicniúla chun na córais TF arna mbainistiú ag an nGníomhaireacht a chur le chéile, atá ag éirí níos déine anois i bhfianaise a hullmhúchán le haghaidh aontachais leis an AE i lár 2013. Cabhróidh an Gníomhaireacht leis an gCipir freisin, lena hullmhúcháin chun ullmhacht theicniúil a bhaint amach i 2013 ar mhaithe le comhtháthú isteach in SIS II agus VIS. Ní fhéadfaidh comhtháthú iarbhir na Cipire sna córais sin tarlú go dtí go gcomhlíonfar na coinníollacha riachtanacha le haghaidh chur chun feidhme chodanna uile acquis Schengen, de réir mar a foráladh san Acht Aontachais 2003. Beidh cúnaimh de dhíth ar roinnt Ballstát eile freisin le hábhair teicniúla i ndáil lena gcomhtháthú isteach in SIS II amach anseo. Baineann sé seo ach go háirithe leis an Ríocht Aontaithe agus le hÉire ar dhócha a chomhtháthóidh isteach sa chóras seo ó 2014 ar aghaidh.

Ní mór struchtúir rialachais éifeachtacha a chur ar bun freisin de bharr chreat casta na gcóras TF arna mbainistiú ag an nGníomhaireacht, ó thaobh líon na bpáirtithe leasmhara agus na geoiméadrachta éagsúla de araon¹, a chiallóidh nach mbeidh Ballstáit áirithe in ann vóta a chaitheamh i mBord Bainistíochta na Gníomhaireachta maidir le córais áirithe. Ní mór don Gníomhaireacht a heagrúchán agus a foirne a chomhdhlúthú go tapa agus a cumas a léiriú chun riachtanais na bpáirtithe leasmhara a chomhlíonadh, fad is a chuirtear leasanna agus tosaíochtaí an AE san áireamh go hiomlán. Mar a luadh cheana féin anseo thuas, beidh ionchais arda don Gníomhaireacht i dtéarmaí bhreisluacha.

¹ Tá geoiméadracht athraitheach ina tréith de chreataí dlí SIS II, VIS agus EURODAC, sin téarma a úsáidtear le léiriú nach bhfuil Ballstáit áirithe rannpháirteach in aon chor i gceann amháin nó níos mó de na córais, nó nach bhfuil siad ach rannpháirteach i bpáirt. Mar shampla, tá Éire agus an Ríocht Aontaithe rannpháirteach in EURODAC ach níl siad rannpháirteach in SIS II ach le haghaidh gnéithe iar-thrú colún, seachas le haghaidh gnéithe saorghluaiseachta. Níl an dá Bhallstát seo rannpháirteach in VIS. Ar an lámh eile, tá an Danmhairg rannpháirteach in ionstraimí iar-chéad cholún VIS agus SIS II faoin dlí idirnáisiúnta agus in Eurodac faoi chomhaontú idirnáisiúnta. Tá baint ag roinnt tíortha nach bhfuil san AE, mar atá an Íoslainn, an Iorua, an Eilvéis agus Lichtinstéin, le cur chun feidhme, le cur i bhfeidhm agus le forbairt acquis Schengen, agus dá bhrí sin tá siad páirteach in SIS II agus VIS araon. Tá baint acu freisin le cur chun feidhme beart a bhaineann le Eurodac agus tá siad rannpháirteach in Eurodac.

Is ollmhór na ndúshlán teicniúil freisin atá ag scála agus coimpléascacht na gcóras TF sa réimse beartais seo. Sa bhreis air sin, bíonn a páirtithe leasmhara ag súil le réitigh úrscothacha ó thaobh feidhmiúlachtaí, aga freagartha agus leanúnachas oibríochtaí de. Is dúshlán agus deis araon atá i gceist le luas an athraithe teicneolaíochta san earnáil TF. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht aghaidh air sin go réamhghníomhach trí nósanna imeachta, struchtúir agus próisis rialachais imleora a chur ar bun le cur ar a cumas teicneolaíochtaí nuálacha a chur i bhfeidhm go héifeachtach d'fhonn tacú le riachtanais gnóthaí agus úsáideoirí agus éifeachtúlacht a nósanna imeachta riaracháin féin a mhéadú. Roinnt samplaí de réimsí ar cheart iniúchadh a dhéanamh orthu ná bithmhéadracht agus dul chun cinn sa teicneolaíocht lena bhfeabhsófar feidhmíocht, iontaofacht agus solúbthacht na gcóras.

Mar a rinneadh cur síos níos mionsonraithe air i bpointe 2.6.1.4 thíos, is cosúil freisin go gcuirfeadh faoi chúram na Gníomhaireachta córais TF nua a fhorbairt agus a bhainistiú, go háirithe an Clár um Thaistealaithe Cláraithe agus córas Isteach Amach, a bhfuil sé beartaithe tograí reachtúla a chur i láthair ina leith i 2012. D'fhéadfadh an Ghníomhaireacht córais eile lasmuigh de réimse an bhainistithe teorann, amhail uirlisí um malartú sonraí chun dul i ngleic le coireacht trasteorann, a ghlacadh freisin sa mheántearma.

Nuair atáthar ag breathnú chun cinn i dtreo na todhchaí, tá sé tábhachtach meabhrú freisin ar leagáid an ama caite. Bíonn dearcadh diúltach i leith na dtionscadal TF arna mbainistiú ag an earnáil phoiblí, ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta araon, go minic, de bharr roinnt cásanna sofheicthe ina raibh moilleanna agus róchaiteachas i gceist le déanaí. Ní mór don Ghníomhaireacht cur leis na heispéiris agus leis an méid a foghlaimíodh ó mhórtionscadail TF eile, agus rialachas docht, pleanáil dhian agus dlúthmhonatóireacht ar chur chun feidhme na dtionscadal faoina freagracht a chinntiú mar aon le nósanna imeachta soláthair éifeachtúla.

Dúshlán amháin ar minic a castar air i dtionscadail dá leithéid ná an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir sholúbthacht agus chonstaicí buiséid agus ama. I réimse beartais amhail sairse, ceartas agus slándáil, bíonn páirtithe leasmhara i gcórais TF mhóra ag súil le hardleibhéal solúbthachta i leith na riachtanas agus na réiteach teicniúil arna roghnú le haghaidh tionscadal leanúnach, d'fhonn aird a thabhairt ar éilimh bheartais atá ag síorathrú chomh maith leis na forbairtí teicneolaíochta, na caighdeáin slándála agus na cosaintí méadaitheacha is déanaí um chosaint sonraí. Bíonn sé sin i gceist go háirithe nuair a tharlaíonn imeachtaí an-sofheicthe, amhail ionsaithe sceimhlitheoireachta nó insnithe imirce móra, a ndearnadh bearta beartais nua a thabhairt isteach go gasta chun dul i ngleic le feiniméin dá leithéid go minic (inter alia trí chomhar agus malartú faisnéise a éascú i measc údarás freagrach). Beidh sé ina phríomhdhúshlán don Ghníomhaireacht an leibhéal solúbthachta is gá a léiriú maidir leis na córais faoina freagracht a fhorbairt agus a oiriúnú, agus í ag fanacht cost-éifeachtúil agus an tionchar ar uainiú á íoslaghdú.

Tá roinnt ionchas atá aitheanta go soiléir ag na páirtithe leasmhara cheana féin i ndáil le feabhsuithe na todhchaí ar chórais TF arna mbainistiú ag an nGníomhaireacht. Ar phríomhthasc amháin de chuid na Gníomhaireachta i 2013 beidh cur chun feidhme tráthúil a chinntiú i ndáil le méadú acmhainne suntasaí an Chórais Faisnéise Viosaí.

Beidh cosaint sonraí agus slándáil sonraí i gcoirílár thosaíochtaí na Gníomhaireachta. Beidh ar an nGníomhaireacht ardmheas ar na forálacha uile um shlándáil agus cosaint sonraí a bhaineann leis na córais TF a bhainistíonn sí a áirithiú, agus beidh sí faoi réir iniúchtaí rialta sna réimsí sainiúla sin chomh maith.

Faoi thús 2013 táthar ag súil go mbeidh an Ghníomhaireacht tar éis an bua a fháil ar na feidhmeanna bunúsacha a bhaineann le bainistiú oibríochtaí VIS agus EURODAC, ag cinntiú go bhfeidhmíonn siad go leanúnach 24/7. Amhail ó thús 2013, cuirfidh sí na

hullmhúcháin deiridh i gcrích chun bainistiú oibríochtúil SIS II a ghlacadh agus le bogadh ar aghaidh i dtreo bheith ina Lárionad barr feabhais lánfheidhme.

2.5. Spriocanna straitéiseacha ag léiriú fíís mheántéarmach na Gníomhaireachta

Léiríonn na príomhspríocanna straitéiseacha don Ghníomhaireacht don bhliain 2013 agus lastall, a bhfuil cur síos orthu anseo thíos, an forbhreathnú agus comhthéacs beartais a bhfuil cur síos orthu sa chaibidil roimhe seo.

2.5.1. Sprioc Straitéiseach 1: Comhtháthú agus struchtúr na Gníomhaireachta a chomhdhlúthú

Na bearta riachtanacha a chur chun feidhme chun dea-rialachas a chinntiú agus chun comhar agus forbairt foirne a neartú, d'fhonn seirbhís gan uaim a sheachadadh ar spriocanna ag sárú aonaid agus láithreacha difriúla na Gníomhaireachta.

I measc na bpríomhthascanna sa réimse sin beidh earcú acmhainní daonna breise, comhdhlúthú nósanna imeachta inmheánacha, d'fhonn struchtúr riaracháin éifeachtúil a fheidhmítear go maith a bhaint amach, mar aon le gníomhaíochtaí um neartú na foirniúlachta. Beidh an obair faoi Sprioc Straitéiseach 2 chun ailíniú spriocanna gnó agus teicneolaíochta a chinntiú ina cabhair thábhachtach chun an sprioc sin a bhaint amach chomh maith.

Mar a shamhlaítear i mbuiséad agus i bPlean Bunaíochta na Gníomhaireachta 2013, tá 45 comhalta foirne le hearcú i 2013, anuas ar an 75 comhalta foirne le hearcú faoi dheireadh 2012.

Earcófar na comhaltaí foirne sin ó na foinsí earcaíochta seo a leanas:

1. Liosta cúltaca arna chumadh mar fhreagairt ar *Ghlao Oscailte ar léiriú spéise* le haghaidh lucht Bainistíochta, Slándála, Saineolaithe TF agus lucht Tacaíochta agus Cúnaimh TF arna fhoilsiú an 23 Samhain 2011,
2. Comhthiomsú iarratas a fuarthas mar fhreagairt ar fhógra a seoladh chuig laurates faoi liostaí cúltaca eiseacha EPSO.
3. Liosta cúltaca arna chumadh mar fhreagairt ar *Ghlao Oscailte ar léiriú spéise* le haghaidh pearsanra theicniúil a bhfuil taithí acu ar láraonaid na gcóras TF (SIS 1, VIS agus EURODAC) a bhaineann le Schengen agus Baile Átha Cliath a bhainistiú, arna fhoilsiú an 30 Aibreán 2012.
4. Liostaí cúltaca arna chumadh mar fhreagairt ar fhógraí faoi fholúntais a fhoilsiú, d'fhonn poist an Oifigigh Chosanta Sonraí, an Oifigigh Slándála agus an Oifigigh Chuntasaíochta a líonadh, arna bhfoilsiú an 10 Bealtaine 2012.

Cuireadh an nós imeachta trí bhíthin an *Ghlao Oscailte ar léiriú spéise* chun críche le linn an tsamhraidh 2012 agus cumadh liostaí cúltaca dá thoradh, a ndearna an tÚdarás Ceapacháin iad a fhaomhadh in Iúil agus go luath i Lúnasa 2012.

Meastar faoi dheireadh 2012, go mbeidh an sprioc dá cuid bainte amach ag an nGníomhaireacht i ndáil le hearcú an 75 comhalta foirne tuartha do 2012 i bPlean Bunaíochta na Gníomhaireachta agus sa bhuiséad².

² Seoladh earcú foirne ar an liosta cúltaca maidir leis an nglao oscailte ar léiriú spéise dá dtagraítear thuas díreach tar éis fhaomhadh na liostaí cúltaca. Amhail an 29 Lúnasa 2012, rinneadh 50 tairiscint fostaíochta. Thosaigh an chéad chomhalta foirne a d'earcaigh an Ghníomhaireacht ag obair in Iúil 2012 in áitreabh na hArd-Stiúrthóireachta Gnóthaí Baile.

Go luath i 2013, díreoidh an Gníomhaireacht ar an 45 comhalta foirne eile a earcú, faoi mar a shamhlaítear sa Phlean Bunaíochta agus sa bhuiséad. Tráth an ama sin, cuimseoidh foireann na Gníomhaireachta Oifigigh Acmhainní Daonna agus Cúntóirí (arna n-earcú sa dara seimeastar de 2012). Dá réir sin, is iad foireann na Gníomhaireachta go díreach a thabharfaidh faoi bhainistiú an phróisis earcaíochta.

Tá géarghá freisin le Foireann Gníomhaireachta chun bainistiú eochracha criptiúcháin a chinntiú. In Airteagal 7 den Rialachán maidir leis an nGníomhaireacht (tascanna a bhaineann leis an infreastruchtúr cumarsáide), luaitear an méid seo a leanas maidir le soláthraí líonra seachtrach na hearnála príobháidí *"beidh na bearta slándála dá dtagraítear i mír 4 ina gceangal ar an soláthraí líonra agus ní bheidh aon rochtain aige ar shonraí oibríochtúla SIS II, ar shonraí oibríochtúla VIS, ná ar shonraí oibríochtúla EURODAC ná ar an malartú SIRENE, ar mhalartú é a bhaineann le SIS II, ar shlí ar bith"*. Foráiltear san Airteagal sin freisin go bhfanfaidh bainistiú na n-eochracha criptiúcháin faoi inniúlacht na Gníomhaireachta agus ní dhéanfar é a eisfhoinsiú d'aon eintiteas seachtrach de chuid na hearnála príobháidí. Dá bhrí sin, fanfaidh trealamh criptiúcháin faoi bhainistiú oibríochtúil iomlán na Gníomhaireachta. Faoi réir fhaomhadh foirmiúil na leithdháiltí breise buiséid agus foirne do na tascanna sin i gceangal phlean beartais foirne ilbhliantúil agus an réamhdhréachta den bhuiséad le haghaidh 2014, ba cheart go mbeadh earcú foirne breise chun trealamh cripteagrafaíochta a fheidhmiú don líonra agus bainistiú, tástáil agus éabhlóidí um bainistiú eochracha criptiúcháin beartaithe amhail ó 2014. Meastar faoi láthair go bhféadfadh thart ar 30 post a bheith ag teastáil le haghaidh na dtascanna sin).

Agus aird á tabhairt ar líon iomlán na míreanna trealamh chripteagrafaíochta agus líon na láithreacha do na tionscadail SIS II, VIS agus EURODAC, meastar go mbeidh 21 oibreoir ag teastáil chun feidhmiú eochrach criptiúcháin 24/7 a chinntiú do na tionscadail sin. Bheadh na comhaltaí foirne eile riachtanach chun bainistiú gníomhach, tástáil agus forás a dhéanamh ar na réitigh arna soláthar.

Inniu, cuimsíonn SIS II thart ar 150 mír de threalamh cripteagrafaíochta thar 50 láthair, cuimsíonn VIS 180 mír de threalamh cripteagrafaíochta thar 60 láthair agus cuimsíonn Eurodac 60 mír de threalamh cripteagrafaíochta thar 30 láthair. Chomh maith leis sin, chun infhaighteacht chriticiúil an trealamh chripteagrafaíochta a chinntiú, ní mór sraith iomlán agus iomarcach ardán bainistíochta cripteagrafaí a chur i bhfeidhm in 2 láthair oibríochtúil na Gníomhaireachta. Chun é sin a dhéanamh ní mór do 2 oibreoirí cripteagrafaíochta a bheidh i láthair ar bhonn 24*7 ar an bpríomhláthair agus 1 oibreoir cúltaca ar an láthair chúltaca, arb ionann agus 21 oibreoir in iomlán. (Meastar go ginearálta go mbíonn 7 gCoibhéis Lánaimseartha lena n-áirítear saoire, breoiteacht, ar dualgas, buaine agus am slánaithe ag teastáil lena chinntiú go mbeidh 1 chomhalta foirne i láthair 24*7 i gcónaí.)

Tá na hoibreoirí seo i gceannas ar mhonatóireacht leanúnach agus bainistiú teagmhas. Chomh maith leis an bhfoireann oibreoirí, bíonn bainistiú gníomhach, tástáil agus forás de dhíth le haghaidh réitigh chripteagrafaigh. De bharr nádúr criticiúil na seirbhísí a bhíonn ag brath ar an trealamh cripteagrafaíochta, ní mór d'fhoireann ildisciplíneach saineolaithe plé le bainistiú táirgí, comhtháthú le líonra agus feidhmchláir, bainistiú athraithe agus scaoilte, cothabháil agus tacaíocht. Chuig sin, bíonn foireann bhreise idir 5 agus 10 gcomhalta foirne ag teastáil, ag brath ar chastacht an trealamh chripteagrafaíochta.

Sa bhreis air sin, táthar ag súil go ndéanfar an nós imeachta soláthair chun líon teoranta pearsanra teicniúil a fhostú a bhfuil taithí acu ar láraonaid na gcóras TF (SIS 1, VIS agus EURODAC) a bhaineann le Schengen agus Baile Átha Cliath a bhainistiú, a chur i gcrích faoi dheireadh mhí Mheán Fómhair 2012. Déanfar tairiscintí fostaíochta díreach ina dhiaidh sin.

Ar deireadh, táthar ag súil go mbeidh liostaí cúltaca le haghaidh phoist an Oifigigh Chosanta Sonraí, an Oifigigh Slándála agus an Oifigigh Chuntasaíochta ar fáil faoi dheireadh 2012.

Seachas na foinsí thuasluaite, faoi réir faofa, níl aon earcú breise beartaithe don tréimhse 2014-2015 le haghaidh tascanna a bhaineann le bainistiú oibríochtúil VIS, SIS II nó EURODAC.

Ag brath ar thorthaí measúnaithe tionchair agus faoi réir ghlacadh bonn dlí don Chlár um Thaistealaithe Cláraithe agus do chórais Isteach Amach, d'fhéadfadh go mbeadh acmhainní daonna ag teastáil ón nGníomhaireacht ó 2015 ar aghaidh chun an Clár um Thaistealaithe Cláraithe agus na córais Isteach Amach a fhorbairt. Le linn 2013, ba cheart go dtosódh an Gníomhaireacht ar iniúchadh a dhéanamh ar chásanna maidir le riachtanais acmhainní amach anseo chun an dá chóras sin a fhorbairt.

Beidh oiliúint fhoireann na Gníomhaireachta ar phríomhthosaíocht chomh maith céanna. Áireofar leis sin oiliúint ionductúcháin le haghaidh comhaltaí foirne nua agus tuilleadh oiliúna de réir mar is gá, de réir pleananna oiliúna saincheaptha do gach comhalta foirne. Rachaidh an fhoireann teicniúil faoi mheasúnú ar a gcuid scileanna agus riachtanas. Ina dhiaidh sin, soláthrófar oiliúint shainiúil faoi ábhair theicniúla a bhaineann leis na córais TF agus a dtimpeallacht ghnó. Cuirfear oiliúint shainiúil ar fáil don lucht bainistíochta freisin, lena n-áirítear oiliúint faoi chuspóirí gnó na gcóras. Mar phointe scoir, nach é an pointe is lú é, cuirfear béim láidir ar ghníomhaíochtaí um neartú foirniúlachta, d'fhonn foirne a chomhdhlúthú, ina ndíreofar go háirithe ar fhoirne ag leathnú thar láithreacha éagsúla. Socraíodh cuspóirí lena chinntiú go mbeidh líon imleor saineolaithe airgeadais oilte go hiomlán chomh luath agus is féidir.

Déanfaidh an Gníomhaireacht a dícheall freisin a chinntiú go bhforbrófar a cuid nósanna imeachta riaracháin i gcomhréir le hathruithe ar nósanna imeachta agus rialacháin an AE agus dea-chleachtas nua a thagann chun cinn.

2.5.2. Sprioc Straitéiseach 2: Bogadh i dtreo a bheith mar lárionad barr feabhais

Saineolas agus dea-chleachtas a chothú agus a fheabhsú laistigh den eagraíocht agus rialachas éifeachtúil, struchtúr, acmhainní, uirlisí faisnéise, nósanna imeachta agus modheolaíochtaí le cur ar chumas na Gníomhaireachta bogadh ar aghaidh i dtreo bheith ina lárionad barr feabhais chun córais TF mórsála a bhainistiú agus a fhorbairt i réimse na saoirse, an cheartais agus na slándála. Cuimseofar leis sin freisin líonrú éifeachtach a chinntiú le gníomhaireachtaí, comhlachtaí agus údaráis eile a fheidhmíonn i réimsí gaolmhara agus, go háirithe, leo sin atá seanbhunaithe i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais.

I 2013, cuirfear isteach bloic thógála bunaidh an lárionaid bharr feabhais. Tosóidh an Gníomhaireacht trí rialachas imleor a chur ar bun chun lena chinntiú go bhfuil spriocanna gnó agus TFC i gcomhréir agus chun luach a chruthú ó fhorbairtí gnó a bhfuil cumas TF acu. Bainfear é sin amach trí phlean gníomhaíochta arna sainiú i 2012 chun Rialachas Fiontair TFC a chur i bhfeidhm³ lena n-áireofar leibhéal aibíochta éigeantacha chreat COBIT⁴ um rialachas TF a chur i bhfeidhm i 2013. Cuirfidh an Gníomhaireacht leis an obair sin de réir a

³ Coincheap bainistíochta agus caighdeán idirnáisiúnta lena ndéantar iarracht próisis agus struchtúir a shainiú agus a leabú ar fud na heagraíochta, d'fhonn a chur ar chumas lucht gnó agus TF araon a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh, agus an luach a chruthaítear óna gcuid infheistíochtaí TF-chumasaithe á uasmhéadú.

⁴ Is creat atá sna Cuspóirí rialaithe do theicneolaíocht faisnéise agus teicneolaíocht ghaolmhar (COBIT) a chruthaigh ISACA chun tacú le rialachas TF trí spriocanna gnó a shainiú agus a chur ar chomhréim le spriocanna TF agus próisis TF. Is foireann uirlisí tacaíochta atá ann a chuireann ar chumas bainisteoirí an bhearna a laghdú idir riachtanais rialaithe, saincheisteanna teicniúla agus rioscaí gnó. Déanann COBIT 34 próiseas cineálach a shainiú chun TF a bhainistiú, mar aon lena n-ionchuir agus a n-aschuir phróisis faoi seach, a bpríomhghníomhaíochtaí próisis, cuspóirí, bearta feidhmíochta agus samhail aibíochta bhunúsach.

chéile i mblianta ina dhiaidh sin. Cuirfidh an Ghníomhaireacht dea-chleachtas i mbainistiú seirbhíse TF ó ITIL⁵, i bhfeidhm chomh maith, go háirithe maidir le feidhmiú na gcóras TF.

Gníomhaíocht thábhachtach eile sa réimse sin ná oibriú i dtreo bainistíocht cáilíochta iomlán a chur ar bun, d'fhonn ISO 9001 a chur i bhfeidhm go hiomlán sa mheántearma.

Cuimseofar leis an obair sin struchtúir, acmhainní daonna agus próisis bainistíochta faisnéise na Ghníomhaireachta a chomhdhlúthú chun faire teicneolaíochta agus monatóireacht struchtúrtha a dhéanamh ar fhorbairtí eacnamaíochta agus teicneolaíochta nua (féach pointe 2.6.6). Tabharfaidh an Ghníomhaireacht faoi ghníomhaíochtaí líonraithe agus comhroinnt saineolais freisin chun na críocha seo.

Ag an am céanna, cuirfidh an Ghníomhaireacht modheolaíochtaí iomchuí i bhfeidhm d'fhonn teicneolaíochtaí nua a chur chun feidhme ar bhealach cost-éifeachtúil dá hoibríochtaí féin agus do na córais faoina bainistíocht, i dlúthchomhar le páirtithe leasmhara. Beidh optamú córas bainistíochta eolais tábhachtach freisin chun úsáid agus malartú éifeachtach na faisnéise atá ar fáil cheana féin a chumasú laistigh den Ghníomhaireacht. Úsáidfear torthaí na faire teicneolaíochta agus na monatóireachta taighde i bpróisis chinnteoireachta eile agus in obair ullmhúcháin na Ghníomhaireachta, lena n-áirítear riachtanais, sonraíochtaí agus nósanna imeachta tairisceana. I bhfianaise nádúr na gcóras á mbainistiú ag an nGníomhaireacht TF agus an aga tionscanta chun athruithe a chur i bhfeidhm, de bharr foirmiúlachtaí buiséid agus soláthair go príomha, is cosúil go dtarlóidh an tionchar is tábhachtaí ar úsáideoirí deiridh sa mheántearma agus, go háirithe, i gcás na chéad ghlúine de chórais a fhorbróidh an Ghníomhaireacht.

2.5.3. Sprioc Straitéiseach 3: Ullmhúcháin chun córais bhreise a ghlacadh

Pleanáil chun cinn go straitéiseach i leith na gcóras ar dhócha a bheidh de dhíth ar an nGníomhaireacht a fhorbairt agus a bhainistiú sa mheántearma, agus é ar intinn na riachtanais acmhainní daonna, buiséid agus infreastruchtúir a shainmhíniú.

D'fhéadfaí freagracht as ullmhú, forbairt agus bainistiú oibríochtúil córas faisnéise mórsála eile i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais a thabhairt don Ghníomhaireacht freisin, má dhéantar foráil dá leithéid in ionstraimí reachtúla ábhartha, de réir fhorálacha Airteagal 1(3) den Rialachán bunaitheach.

Beidh an Ghníomhaireacht ag breathnú ar aghaidh, chun impleachtaí ginearálta na gcóras TF breise a d'fhéadfadh a bheith uirthi a fhorbairt agus a bhainistiú sa mheántearma a thuar agus le go mbeadh sí in ann a chinntiú go gcuirfear le cinnteoireacht go pras ar leibhéal an Choimisiúin (go háirithe maidir le riachtanais phearsanra, buiséid agus infreastruchtúir na Ghníomhaireachta). Cinnteoidh an Ghníomhaireacht chomh maith go bhfuil go leor solúbthachta ina cuid eagrúcháin inmheánaigh chun na céimeanna cur chun feidhme tosaigh a ghlacadh chomh luath agus is féidir tar éis ghlacadh na mbonn dlí ábhartha.

Tugtar tuilleadh sonraí faoi thosaíochtaí láithreacha sa réimse seo, a bhaineann le córais Isteach Amach agus an Clár um Thaistealaithe Cláraithe go príomha, i bpointe 2.6.1.4.

⁵ Is sraith cleachtas atá in ITIL maidir le [bainistiú seirbhíse TF](#) (ITSM) ina ndírítear ar sheirbhísí TF a chur ar chomhréim le riachtanais ghnó. Ina bhfoirm reatha (eagrán ITILv3 / ITIL 2011), tá cúig phríomhfhoilseachán inti, agus clúdaítear céim shaolré ITSM le gach ceann díobh. Tacaíonn ITILv3 le [ISO/IEC 20000](#), an Caighdeán Bainistíochta Seirbhíse Idirnáisiúnta um bainistiú seirbhíse TF, cé go bhfuil éagsúlachtaí idir an dá chreat.

2.5.4. Sprioc Straitéiseach 4: Gluaiseacht leanúnach chun éifeachtúlacht costais a optamú

Le bogadh i dtreo an chuardaigh réamhghníomhaigh le haghaidh bealaí níos cost-éifeachtúla chun an leibhéal seirbhíse atá riachtanach nó barr feabhais teicniúil a sholáthar, maidir le hoibríochtaí inmheánacha na Gníomhaireachta féin agus le bunú agus bainistiú córas TF nua araon. Sa áireamh sa sprioc seo freisin tá iniúchadh ar an scóip i leith coigiltis costais a ghnóthú do pháirtithe leasmhara.

Seo a leanas na príomhthosaíochtaí a bheidh faoin sprioc seo:

- Comhéadan éifeachtach a chur ar bun idir gníomhaíochtaí faire teicneolaíochta (faoi Sprioc 2) agus nósanna imeachta soláthair agus athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht sa réimse sin, d'fhonn feabhsú leanúnach a bhaint amach.
- Ardleibhéal saineolais a bhaint amach laistigh den eagraíocht maidir le cúrsaí soláthair i 2013 agus an saineolas sin a threisiú de réir a chéile agus é a thabhairt go dtí an leibhéal is airde (trí oiliúint, malartú faisnéise agus scaipeadh faisnéise ina dtabharfar achoimre ar na rialacha agus nósanna imeachta bunúsacha). Cuirfear seirbhísí comhairleacha fónta ar ábhair airgeadais i bhfeidhm freisin laistigh den Ghníomhaireacht.
- Áireofar ar an gcumarsáid inmheánach freisin gníomhaíochtaí lena chinntiú go bhfuil an tosaíocht um bharr feabhais teicniúil agus eagraíochtúil a bhaint amach ar an mbealach is cost-éifeachtúla ionchorpraithe go buan i gcultúr na heagraíochta.

Cumhdaítear spriocanna oibríochtúla do bhainistíocht airgeadais i bpointe 2.6.8 agus gníomhartha PC1 et seq. i bpointe 2.7.

2.6. Príomhchuspóirí oibríochtúla

Is ionann an pointe seo agus cur síos ar phríomhchuspóirí oibríochtúla na Gníomhaireachta i 2013. Tá níos mó mionsonraí le fáil sna cuspóirí oibríochtúla sainiúla i bpointe 2.7, agus déantar nasc idir aschuir/torthaí agus clúdaítear roinnt tascanna riaracháin nach bhfuil clúdaithe anseo thíos.

Tá táscairí feidhmíochta le haghaidh fhormhór na gcuspóirí sainiúla seo, go háirithe iad siúd nach bhfuil nasctha le bainistiú na gcóras, an t-infreastruchtúr cumarsáide nó slándála luaite i bpointe 2.7. Baineann sé seo ach go háirithe i gcás tascanna riaracháin agus comhordaithe.

Cinntoidh comhaontuithe ag an leibhéal seirbhíse go mbeidh an Ghníomhaireacht in ann ráthaíocht a thabhairt do Bhallstáit go mbeidh bainistiú na gcóras, an infreastruchtúr cumarsáide agus slándála faofa ag an mBord Bainistíochta a luaithe agus is féidir i 2013. San áireamh sna comhaontuithe seo beidh táscairí mionsonraithe, agus é mar aidhm leibhéal seirbhíse a ráthú ar fud an bhoird atá comhionann le nó níos fearr ná na socrúithe atá i bhfeidhm le hoibreoírí eile roimh don Ghníomhaireacht freagracht a ghlacadh as na gníomhaíochtaí seo⁶.

Díreoidh na táscairí atá le fáil sa cháipéis seo agus na táscairí atá le forbairt amach anseo ar phríomhchritéir dála tráthúlacht, cáilíocht na seirbhíse, sástacht páirtithe leasmhara agus gnóthachtáil an chuspóra (ní insoláthartha a sholáthar).

⁶ Maidir le VIS agus EURODAC, an t-infreastruchtúr cumarsáide agus slándáil, ní mór don Ghníomhaireacht an leibhéal seirbhíse a bhí ann roimh di freagracht a ghlacadh as na córais a chothabháil. Chomh maith leis sin, ráthóidh an Ghníomhaireacht leibhéal seirbhíse comhionann do SIS II.

Ní mór go mbeadh muinín agus ionchas réasúnta ag páirtithe leasmhara as nithe insoláthartha agus seirbhísí atá le soláthar ag an nGníomhaireacht. Táthar tar éis tosaíochta a leagadh amach dá réir le haird ar ionchur ó pháirtithe leasmhara. Phléigh an Bord Bainistíochta an dréachtchlár oibre seo ag a chuid cruinnithe i Márta agus Meitheamh 2012, agus tá tuairimí an Bhoird curtha san áireamh agus tosaíochtaí an chláir seo á leagan amach. Cuid lárnach de phunann na nithe insoláthartha agus na seirbhísí a bhfuil cur síos déanta orthu sa chlár oibre reatha é cothromaíocht a chinntiú idir riachtanais na bpáirtithe leasmhara, toradh an chleachtaidh anailíse riosca agus an gá atá le meas a léiriú ar riachtanais bhunúsacha atá sonraíthe i Rialachán Bunaidh na Gníomhaireachta agus na boinn dlí a bheidh mar bhonn le feidhmiú na gcóras cuí.

Tá an cuspóir a bhaineann le húsáideoirí córais nua a chomhtháthú, cosúil leis an gCróit, an Chipir, Éire agus an Ríocht Aontaithe, do gach córas aonair clúdaithe i bpointe 2.6.1.

2.6.1. Bainistiú Oibríochtúil na gCóras TF agus ullmhúcháin do chórais TF na todhchaí

2.6.1.1. SIS II

Na gníomhaíochtaí riachtanacha ar fad a chur i gcrích d'fhonn leanúnachas oibríochtaí SIS II a chinntiú ón tráth a gcuirtear tús le hoibríochtaí i Márta 2013. I measc na ngníomhaíochtaí seo beidh maoirseacht a dhéanamh ar obair an chonraitheora roghnaithe don chonradh cothabhála agus gníomhaíochtaí tosaithe faire teicneolaíochta a bhaineann leis an tionscadal seo.

Faoi dheireadh 2012, beidh Plean Idirthréimhseach SIS II, a bhfuil sé mar aidhm leis aistriú eolais ón bpríomhchonraitheoir forbartha (HPS) a aistriú chuig CSIS⁷ a bheidh freagrach go sealadach as SIS II ar feitheamh na bhfoirne ábhartha Gníomhaireachta a cheapadh, curtha chun feidhme agus beidh SIS II tugtha ar lámh do CSIS ag an bpríomhchonraitheoir forbartha.

Sa tréimhse go dtí Márta 2013, tabharfaidh an Gníomhaireacht faoi oibríochtaí iomlána de chuid SIS II, lena n-áirítear obair leantach i leith chéimeanna deiridh na n-ullmhúchán ascnaimh, ag scáthú comhaltaí foirne CSIS atá freagrach as na nithe insoláthartha sin a chur i bhfeidhm.

Amhail ó Márta 2013, nuair atá SIS II le tosú i mbun oibríochtaí, beidh an Gníomhaireacht freagrach as bainistiú oibríochtúil an SIS II Lárnach, glacadh de lámh na dtascanna arna mbronnadh ar an Údarás Bainistíochta ag Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus Cinneadh 2007/533/CGB. Beidh an Gníomhaireacht freagrach as na tascanna ar fad atá riachtanach d'fheidhmiú SIS II Lárnach, 24 uair an chloig, 7 lá na seachtaine de réir na rialachán thuasluaite, go háirithe i ndáil le hobair chothabhála agus forbairtí teicniúla ar de dhlúth agus d'inneach fheidhmiú an chórais iad.

Cuirfidh an Gníomhaireacht na próisis Tacaíochta agus Seachadta Seirbhíse chun feidhme d'fhonn a chinntiú go mbeidh an tSeirbhís Bainistíochta TF ailínithe leis na hoibríochtaí criticiúla agus ard-infhaighteachta seo. Beidh an Gníomhaireacht freagrach ach go háirithe as na tascanna seo a leanas sa réimse seo:

- Próisis Tacaíochta Seirbhíse SIS II (bainistiú teagmhas, bainistiú fadhbanna, bainistiú cumraithe, bainistiú athruithe agus bainistiú eisiúintí)

⁷ An Córas Lárnach do chóras SIS II, á bhainistiú ag údaráis na Fraince sa tréimhse idirlinne ar feitheamh na Gníomhaireachta a bheidh ag glacadh freagrachta as tionscadal SIS II

- Próisis Seachadta Seirbhíse SIS II (Bainistiú Infhaighteachta, Bainistiú Leanúnachais, Bainistiú Leibhéal Seirbhíse, Bainistiú Inniúlachta).

Chomh maith leis sin, soláthrófar cúnamh don Chróit lena hullmhúcháin theicniúla d'aontachas SIS II, ullmhúcháin a bhfuil dlús á gcur fúthu anois i bhfianaise a hullmhúcháin d'aontachas an AE i lár 2013. Chomh maith leis sin, soláthróidh an Ghníomhaireacht cúnamh don Chipir lena hullmhúcháin le haghaidh ullmhacht theicniúil a bhaint amach i 2013 d'fhonn comhtháthú in SIS II a éascú. Ní tharlóidh comhtháthú iarbhir na Cipire in SIS II ach amháin nuair atá na coinníollacha riachtanacha le haghaidh úsáid gach cuid de Schengen acquis comhlíonta, de réir mar a bhfuil foráil déanta dóibh in Acht Aontachais 2003. Beidh cúnamh ag teastáil ó roinnt Ballstát eile freisin le nithe teicniúla a bhaineann lena gcomhtháthú amach anseo in SIS II, an Ríocht Aontaithe agus Éire go háirithe ar dócha go mbeidh siad beirt á gcomhtháthú sa chóras seo ó 2014 anonn.

Tá an conradh don ghlaó ar thairiscintí a foilsíodh i 2012 do chothabháil SIS II i ndiaidh Ghlacadh Deiridh an Chórais le síniú ag an gCoimisiún thar ceann na Gníomhaireachta ag deireadh mhí Iúil 2013. Ullmhóidh an Ghníomhaireacht le haghaidh freagracht a ghlacadh as gnéithe oibríochtúla an chonartha seo (maoirseacht na n-ullmhúchán le haghaidh chothabháil an chórais agus obair iarbhir chothabhála ó Mhárta 2013 ar aghaidh).

Réimse tosaíochta amháin le hiniúchadh, agus é mar aidhm feabhsuithe teicniúla a dhéanamh ar SIS II amach anseo, é bithmhéadracht. Ar dtús, is ar mhaithe le céannacht duine atá aimsithe mar thoradh ar chuardach alfa-uimhriúil in SIS II a úsáidfear grianghraif agus méarloirg. Chomh maith leis sin, sonraítear in ionstraimí dlí SIS II, a luaithe a bhíonn sé indéanta de réir na teicneolaíochta de, go bhféadfaí méarloirg a úsáid chun a leithéid sin de dhuine a aithint bunaithe ar a (h)aitheantóir bithmhéadrach⁸. Éilítear ar an gCoimisiún ar an mbonn dlí tuarascáil a chur i láthair ar an ábhar seo. Tá an Ghníomhaireacht ullamh le rannchuidiú leis an tuarascáil más gá.

Féach freisin ar chuspóir oibríochtúil sainiúil AM1 i bpointe 2.7.2. Tá na hoibleagáidí tuairiscithe le haghaidh SIS II clúdaithe i bpointe 2.6.3, tá na gníomhaíochtaí faire teicneolaíochta clúdaithe i bpointe 2.6.6 agus tá oiliúint fhoireann NS.SIS agus SIRENE clúdaithe in 2.6.5 agus cuspóirí sainiúla GC9 agus 10.

2.6.1.2. VIS

Beidh an Ghníomhaireacht freagrach as bainistiú oibríochtúil an VIS, ag cinntiú leanúnachas oibríochtaí. Beidh sí freagrach freisin as a chinntiú go mbeidh saintréithe teicniúla VIS in ann tacú leis an rolladh amach domhanda. Chomh maith leis sin, déanfaidh an Ghníomhaireacht maoirseacht agus monatóireacht ar an obair chothabhála san áireamh sa chonradh le haghaidh VIS a choimeád in ord oibre agus glacfaidh an Ghníomhaireacht le freagracht as obair faoin gconradh seo chun VIS a uasghrádu. Ina theannta sin, cinnteoidh an Ghníomhaireacht tástáil rathúil VISMAIL 2 faoi dheireadh na bliana.

Beidh an Ghníomhaireacht freagrach as bainistiú oibríochtúil VIS. Áireoidh sé seo na tascanna riachtanacha ar fad chun VIS a choimeád ag feidhmiú 24 uair an chloig, seacht lá na seachtaine de réir Rialachán VIS. Príomhghné de na gníomhaíochtaí seo é an obair chothabhála agus na forbairtí teicniúla atá riachtanach d'fhonn a chinntiú go mbeidh an córas ag feidhmiú ag leibhéal sásúil de cháilíocht oibríochtúil, go háirithe i ndáil leis an méid ama a

⁸ Airteagal 22 b) agus c) de Rialachán agus Cinneadh SIS II. Sula gcuirtear an fheidhmiúlacht seo i bhfeidhm in SIS II, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil i dtoll a chéile maidir le hinfaighteacht agus ullmhacht na teicneolaíochta riachtantaí nach mór comhairle Pharlaimint na hEorpa a lorg ina leith.

theastaíonn le haghaidh cheistiú na bpost consalach ar an mbunachar sonraí lárnach, ar chóir go mbeadh tréimhse chomh gearr agus is féidir i gceist leis.

Cuirfidh an Gníomhaireacht na próisis Tacaíochta agus Seachadta Seirbhíse chun feidhme d'fhonn a chinntiú go mbeidh an tSeirbhís Bainistíochta TF ailínithe leis na hoibríochtaí criticiúla agus ard-infhaighteachta seo. Beidh an Gníomhaireacht freagrach as na tascanna seo a leanas sa réimse sainiúil seo:

- Próisis Tacaíochta Seirbhíse VIS (bainistiú teagmhais, bainistiú fadhbanna, bainistiú cumraithe, bainistiú athruithe agus bainistiú eisiúintí)⁹
- Próisis Seachadta Seirbhíse VIS (Bainistiú Infhaighteachta, Bainistiú Leanúnachais, Bainistiú Leibhéal Seirbhíse agus Bainistiú Inniúlachta)

Faoi dheireadh 2012, beidh críoch curtha le rolladh amach VIS sa chéad 3 Réigiún (an Afraic Thuaidh, an Meánoirthear agus an Mhurascaill. Tá rolladh amach go réigiúin gheografacha eile le tarlú i 2013, ag leathnú go 2014 b'fhéidir. Beidh an Coimisiún freagrach as na gnéithe polaitiúla i ndáil leis an rolladh amach sin. Ar phríomhfheagracht na Gníomhaireachta beidh uirthi a chinntiú go bhfuil saintréithe teicniúla VIS in ann tacú leis an rolladh amach domhanda sin. Mar chuid den phróiseas seo, iarrfar ar Ghrúpa Comhairleach VIS, a thuairim maidir leis an gceist seo a thabhairt.

I ndáil le bainistiú airgeadais, leanfaidh an Gníomhaireacht le maoirseacht agus le monatóireacht a dhéanamh ar obair chothabhála faoin gconradh le haghaidh VIS a choinneáil in ord oibre curtha i gcrích ag an gCoimisiún thar ceann na Gníomhaireachta. Chomh maith leis sin, ansin glacfaidh sé feagracht as obair faoin gconradh seo VIS a uasghrádú. I measc príomhchuspóirí an uasghrádaithe seo beidh, ar an gcéad dul síos, an córas a uasghrádú mar fhreagairt ar iarratais ó Bhallstáit, ag féachaint d'inniúlacht mhéadaithe¹⁰, agus ag comhlíonadh na n-oibleagáidí dlí faoi Airteagal 26 de Rialachán VIS (bainistiú oibríochtúil) d'fhonn a chinntiú go mbeidh an teicneolaíocht is fearr atá ar fáil in úsáid don chóras. Is é an dara cuspóir atá leis an uasghrádú seo modhnuithe a bhaineann le cur chun feidhme an Chóid nua Viosa ar glacadh leis an 5 Bealtaine 2010¹¹ a bhunú. Tabharfar tús áite d'obair atá dírithe ar inniúlacht VIS a fheabhsú, d'fhonn rolladh amach VIS a chríochnú agus a chinntiú go bhfuil leibhéal cobhsaí oibríochta agus tacaíochta á sholáthar do Bhallstáit. Glacfaidh an Gníomhaireacht feagracht as nithe conarthacha a bhaineann leis an gconradh seo a luaithe a bheidh neamhspleáchas airgeadais aici.

Ag tús 2013, táthar le tús a chur le leagan uasghrádaithe de VIS Mail Relay (an freastalaí Lárnach) don chéad chéim eile (VIS Mail Phase 2) a thástáil. Beidh an Plean Tástála Feidhmchláir le haghaidh Chéim 2, forbartha ag conraitheoir seachtrach don Choimisiún, tugtha chun críche freisin. Ar aon dul leis seo, ba chóir go mbeadh a gcuid oibre ar a n-iarratais náisiúnta don ní insoláthartha seo críochnaithe ag Ballstáit.

Comhordóidh an Gníomhaireacht aon gníomhaíochtaí eile a bhaineann le forbairt VIS Mail Phase 2, mar aon le tástálacha VIS Mail Phase 2 leis na Ballstáit. Tá sé beartaithe na tástálacha seo a reáchtáil idir Eanáir agus Iúil 2013. Déanfaidh an Gníomhaireacht obair leantach mar aon le torthaí na dtástálacha seo a bhailíochtú. Nuair a bheidh na tástálacha

⁹ Déanfar an bunachar sonraí bainistíochta cumraíochta a chothabháil agus a choinneáil cothrom le dáta, mar aon leis an Treoirleabhar Fabhtcheartaithe, an Bunachar Sonraí Faisnéise agus liosta uileghabhálacha Ceisteanna Coitianta do na húsáideoirí

¹⁰ Tá na riachtanais inniúlachta don rolladh amach deiridh i bhfad níos airde ná na riachtanais a bhí tuartha sa chéad staidéar féidearthachta a rinneadh i 2002.

¹¹ Cinneadh ag an am leanúint le forbairt VIS ar an mbonn go raibh na sonraíochtaí bailí ag an am sin, d'fhonn aon mhoill bhreise ar an tionscadal a sheachaint.

uile curtha i gcrích ar bhealach sásúil, idir Lúnasa 2013 agus Deireadh Fómhair 2013, cinnteoidh an Ghníomhaireacht go mbeidh an timpeallacht táirgeachta á comhtháthú, á hullmhú agus á bogadh (i ndiaidh Cinneadh déanta de réir Airteagal 46 de Rialachán VIS). De réir an sceidil, tá VIS Mail Phase 2 le bheith críochnaithe faoi dheireadh mhí Dheireadh Fómhair 2013, tráth ar chóir go mbeadh rolladh amach VIS á thabhairt chun críche i ngach réigiún¹². Ina dhiaidh sin, beidh obair le déanamh i ndáil le chomhtháthú Ballstát nua ar dócha go mbeidh siad páirteach i Limistéar Schengen amach anseo (an Chróit, mar shampla, agus tá ullmhúcháin ar bun chun ullmhacht theicniúil na Cipire a chinntiú).

Chomh maith leis sin, ba chóir don Ghníomhaireacht smaoineamh ar Phlean Leanúnachais Ghnó a chur i bhfeidhm, plean a áiríonn feidmiú ceann cheann córas náisiúnta mar aon leis an gcóras lárnach, mar aon le straitéisí leanúnachais Ghnó ceann cheann, dea-chleachtais agus tástáil Ballstát deonach.

Féach freisin ar chuspóir oibríochtúil sainiúil AM2 (pointe 2.7.2). Tá cur síos déanta ar ghníomhaíochtaí monatóireachta, tuairiscithe agus staitisticí i bpointe 2.6.3 agus tá cur síos déanta ar fhaire teicneolaíochta i bpointe 2.6.6.

2.6.1.3. EURODAC

Bunachar sonraí lárnach EURODAC a oibriú thar ceann na mBallstát i gcomhréir le forálacha Rialacháin EURODAC, d'fhonn aistriú an chórais ó Lucsamburg go Strasbourg agus Sankt Johann im Pongau a chinntiú, agus d'fhonn tús a chur le cur chun feidhme na n-athruithe ar an gcóras atá tuartha sa Rialachán Athmhúnlaith, faoi réir glacadh leis an ionstraim seo. Réimse tosaíochta eile é cabhrú leis an gCróit lena hullmhúcháin theicniúla d'aontachas EURODAC. Chomh maith leis sin, cinnteoidh an Ghníomhaireacht maoirseacht oibríochtúil obair ar bith a dhéanann na conraitheoirí do na tascanna thuasluaite, go háirithe obair bhreise forbartha agus athlonnú an chórais.

Beidh an Ghníomhaireacht freagrach as feidmiú bhunachar sonraí lárnach EURODAC thar ceann na mBallstát, i gcomhréir le forálacha Rialacháin EURODAC¹³.

Tá tús curtha le hidirbheartaíochtaí maidir le hathmhúnlú beartaithe Rialachán EURODAC agus táthar ag súil go nglacfar leis faoi dheireadh 2012. I measc na n-athruithe tuartha sa téacs reatha tá marcáil taifead (seachas blocáil) agus athruithe ar theorainneacha ama do Bhallstáit chun iarratas ar thearmann a sholáthar. D'fhéadfadh go gcoimeádfáí feidhmiúlachtaí eile sa leagan glactha deiridh.

Cuirfidh an Ghníomhaireacht na hathruithe atá tuartha sa Rialachán Athmhúnlaith chun feidhme agus cinnteofar go mbainfidh na hathruithe teicniúla an úsáid is fearr agus is féidir as teicneolaíochtaí agus próisis nua. Tá gá le réamhstaidéar measúnaithe, d'fhonn impleacht theicniúil agus airgeadais (crua-earraí, bogearraí, seirbhísí gairmiúla) na n-athruithe seo ar na córais reatha a aithint go soiléir (CU - BCU - TEST). Meastar go gcuirfeadh tús le cur chun feidhme na n-athruithe seo i 2013, ag brath ar thoradh an staidéir mheasúnaithe agus an nós imeachta soláthair.

Chomh maith leis sin, i 2013 cinnteoidh an Ghníomhaireacht aistriú an chórais seo ó Lucsamburg go Strasbourg agus Sankt Johann im Pongau. San áireamh anseo beidh maoirseacht oibríochtúil ar obair conraitheoirí a bhaineann leis an aistriú seo, go háirithe i

¹² Níl aon fhoráil dlí ann maidir le fad beacht Rolladh Amach Réigiúnach VIS, de bhrí go mbraitheann sé seo ar na Ballstáit agus ar chomh tapa is a chuireann siad an córas i bhfeidhm. Dá réir sin, ní mór a thuiscint nach ndéanfar an Cinneadh de réir Airt. 46 ach amháin nuair atá an rolladh amach réigiúnach beagnach críochnaithe agus ní gá go dtarlódh sé 22 mí i ndiaidh VIS a bheith beo.

¹³ Rialacháin (CE) Uimh. 2725/2000 agus (CE) Uimh. 407/2002.

ndáil le trealamh breise TF a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil. Cuirfidh an Coimisiún na nósanna imeachta soláthair ghaolmhara i gcrích thar ceann na Gníomhaireachta. A luaithe agus a mbronntar neamhspleáchas airgeadais ar an nGníomhaireacht glacfaidh sí freagracht as gnéithe airgeadais agus conartha.

Tá sé beartaithe go mbeidh an Chróit páirteach in EURODAC i 2013. Beidh ról tábhachtach ag an nGníomhaireacht i gcúnamh a sholáthar don Chróit i ngach céim dá hullmhúcháin theicniúla.

Tiocfaidh deireadh le formhór na gconarthaí reatha do EURODAC leis an gCoimisiún ag deireadh 2012, agus beidh sé riachtanach síneadh ama a chur leo / iad a athnuachan. Cuirfidh an Coimisiún críoch le nósanna imeachta a bhaineann le síneadh, athnuachan agus aistriú na gconarthaí chuig an nGníomhaireacht thar ceann na Gníomhaireachta i 2012. Nuair a bheidh na nósanna imeachta agus na conarthaí seo á n-ullmhú agus á n-idirbheartú, tabharfar tús áite do chostéifeachtúlacht.

Clúdaítear tascanna eile na Gníomhaireachta a bhaineann le EURODAC i bpointí 2.6.2 Infreastruchtúr slándála agus cumarsáide, 2.6.3 Monatóireacht, tuairisciú agus staitisticí agus 2.6.6 (monatóireacht ar thaighde agus ar fhaire teicneolaíochta). Is é príomhthosaíocht faire teicneolaíochta EURODAC i 2013 a chinntiú go mbeidh aon athruithe teicniúla chun forálacha na hionstraim Athmhúnlaitha a chomhlíonadh, ag baint an méid úsáide agus is féidir as teicneolaíochtaí agus próisis nua.

Féach freisin ar chuspóir oibríochtúil sainiúil AM3 in 2.7.2.

2.6.1.4. Bainistiú oibríochtúil agus forbairt féideartha ar chórais eile

Má ghlactar leis na boinn dlí do Chlár na dTaistealaithe Cláraithe agus don Chóras Isteach Amach i 2014, ba chóir fiafraí den Gníomhaireacht tús a chur le forbairt na gcóras seo ó 2015. Chuige sin, bheadh sé inmholta don Gníomhaireacht meastachán a dhéanamh maidir leis na riachtanais infreastruchtúir, foirne agus eagraíochtúla a d'fhéadfadh a bheith aici, agus comhaid airgeadais thograí reachtacha na gcóras seo á gcur san áireamh, agus é mar aidhm tús a chur leis an obair ullmhúcháin a luaithe agus is féidir, i bhfianaise go bhféadfaí glacadh leis na hionstraimí dlí.

Mar a fógraíodh i gCumarsáid na dTeorainneacha Cliste an 25 Deireadh Fómhair 2011¹⁴, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún tograí a fhorbairt i 2012 le haghaidh dhá ionstraim reachtacha ina sonrú creat dlí na gcóras seo. Ba chóir go mbeadh forálacha atá mar bhonn le forbairt agus bainistiú oibríochtúil Chláir na dTaistealaithe Cláraithe agus don chóras Isteach Amach a chur ar iontaobh don Gníomhaireacht san áireamh sna tograí seo. De réir na bpleananna reatha, meastar go bhféadfaí na hidirbheartaíochtaí leis an gComhairle agus leis an bParlaimint maidir le glacadh leis na rialacháin seo a bheith curtha i gcrích faoi dheireadh 2014. Má ghlactar leis na boinn dlí seo, agus má ghlactar leo laistigh den bhfráma ama measta, meastar go bhféadfadh an Gníomhaireacht tús a chur lena cuid oibre ar na córais seo i 2015.

Ar aon dul leis seo, tá seans ann go nglactar le leasú ar Rialachán na Gníomhaireachta, agus é mar aidhm freagrachtaí áirithe a bhaineann leis an infreastruchtúr cumarsáide agus slándála a aistriú ón gCoimisiún chuig an nGníomhaireacht i gcomhthéacs na gcóras reatha agus creat a chur i bhfeidhm do na hacmhainní a theastaíonn ón nGníomhaireacht le haghaidh forbairt na gcóras nua seo.

¹⁴ COM(2011) 680

Ó tharla go mbeadh sé riachtanach freisin plean Bunaidh na Gníomhaireachta a mhodhnú, má ghlactar le boinn dlí chórais na dTaistealaithe Cláraithe agus Isteach Amach (agus é mar aidhm acmhainní daonna breise a sholáthar don Gníomhaireacht, acmhainní daonna a theastaíonn le haghaidh fhorbairt na gcóras seoⁱ, bheadh sé inmholta pleanáil éigin a dhéanamh dó seo i 2013.

Ní chuirfí tús le hobair ar fhorbairt na gcóras nua seo ach amháin nuair atá glactha ag an Parlaimint agus ag an gComhairle Eorpach leis na boinn dlí faoi seach, ina dtugtar léargas soiléir ar na sonraíochtaí. Ba chóir don Gníomhaireacht, áfach, tús a chur leis an bpleanáil agus é mar aidhm riachtanais níos sainiúla a shainmhíniú i dtéarmaí infreastruchtúir, foirne agus eagraíochta, ag cur an eolais atá san áireamh i gcomhaid airgeadais na dtograí reachtacha do na córais seo san áireamh.

Féach freisin ar chuspóir oibríochtúil sainiúil AM4 i bpointe 2.7.2.

2.6.2. Slándáil agus an córas infreastruchtúir

2.6.2.1. Slándáil

Cuirfidh an Gníomhaireacht bearta slándála agus bearta leanúnachais ghnó i bhfeidhm agus chun feidhme dá heagraíocht féin, do na córais a bheidh á mbainistiú agus do líonraí cumarsáide na gcóras seo, le cois aon tascanna slándála eile atá tuartha sa Rialachán bunaidh agus sna hionstraimí dlí do na córais TF a chur i gcrích.

I 2013, cuirfidh an Gníomhaireacht críoch leis an bplean leanúnachais ghnó agus athshlánaithe ó thubaiste don Gníomhaireacht mar aon le críoch a chur leis na hullmhúcháin a bhaineann le freagracht a ghlacadh as gnéithe slándála SIS II.

Chomh maith leis sin, cinnteoidh sé cur chun feidhme agus comhlíonadh iomlán leis na bearta slándála éagsúla agus leis na pleananna slándála don Gníomhaireacht¹⁵ agus do na córais¹⁶ a bheidh á mbainistiú aici (nithe dála eagrú slándála, beart teicniúil lena n-áirítear bearta chun cosaint taifead, leanúnachas gnó, rialú rochtana, cuntasacht a chinntiú – ag cinntiú go mbeidh rochtain ar agus gach malartú sonraí pearsanta á dtaifead ag leibhéal lárnach, comhar le MECS agus obair leantach a bhaineann le hiniúchtaí MECS), líonraí cumarsáide na gcóras seo¹⁷ (lena n-áirítear nósanna imeachta agus forálacha slándála a bhaineann le leanúnachas gnó, bainistiú conarthaí agus bainistiú eochracha criptiúcháin), agus bearta cosanta sonraí a bhaineann le slándáil do mhalartú eolais fhorlionsaigh trí infreastruchtúr cumarsáide SIS II.

Os a choinne sin, tabharfaidh an Gníomhaireacht faoi aon tascanna breise slándála a shannófar di de réir ionstraimí dlí na gcóras atá á bhfeidhmiú aici, dála tuairisciú rialta ar nithe slándála laistigh de chreat tuairiscithe níos ginearálta na gcóras.

Féach freisin ar chuspóirí oibríochtúla sainiúla slándála (go háirithe MAN3 i bpointe 2.7.1 agus SE 2 & SE5 i bpointe 2.7.8).

¹⁵ An Plean Slándála, an Plean Athshlánaithe do Thubaiste nuair a bhíonn sé seo faofa, riachtanais na rúndachta proifisiúnta agus rialacha don fhoireann atá ag obair le sonraí sna córais seo.

¹⁶ Bearta slándála agus pleananna slándála le haghaidh SIS II, VIS agus EURODAC

¹⁷ Bearta slándála agus pleananna slándála don líonra cumarsáide do SIS II, VIS agus EURODAC ullmhaithe ag an nGníomhaireacht.

2.6.2.2. Infreastruchtúr Cumarsáide

Ag an tús, beidh an Gníomhaireacht freagrach as maoirseacht, slándáil agus comhordú caidrimh idir na Ballstáit agus soláthraí líonra an infreastruchtúir chumarsáide do EURODAC, VIS agus SIS II i ndiaidh chur chun feidhme na n-oibríochtaí i Márta 2013. Chomh maith leis sin, cinnteoidh sé go mbeidh meas iomlán á thabhairt do na forálacha cosanta sonraí a bhaineann le rochtain comhlachtaí seachtracha ar shonraí sa chóras.

D'fhéadfaí inniúlachtaí na Gníomhaireachta i ndáil leis an infreastruchtúr cumarsáide (maoirseacht, slándáil agus comhordú caidreamh idir na Ballstáit agus an soláthraí líonra do SIS II, VIS agus EURODAC) a leathnú ionas go bhféadfaí seilbh a ghlacadh ar chórais eile agus/nó freagracht a ghlacadh as ceisteanna airgeadais sa réimse seo, faoi réir na bhforálacha dlí ábhartha a mhodhnú.

Nuair a ghlacann an Gníomhaireacht freagracht as VIS agus EURODAC agus, ó Márta 2013 nuair a ghlacfaidh sí freagracht as SIS II, beidh freagracht as gach córas faoi seach roinnte idir an Gníomhaireacht agus an Coimisiún¹⁸. Beidh an Gníomhaireacht freagrach as maoirseacht, slándáil agus comhordú caidreamh idir na Ballstáit agus an soláthraí líonra d'infreastruchtúr cumarsáide na dtí trí chóras seo.

Beidh an Coimisiún freagrach as gach tasc eile a bhaineann leis an infreastruchtúr cumarsáide, go háirithe na tascanna a bhaineann le cur i bhfeidhm an bhuiséid, fáil agus athnuachan agus cúrsaí conartha¹⁹. Coinneoidh an Coimisiún freagracht as glacadh leis na bearta slándála agus an plean slándála le haghaidh an infreastruchtúir chumarsáide i gcomhair SIS II²⁰.

De réir an Rialacháin bhunaidh, féadfar tascanna a bhaineann le bainistiú oibríochtúil an infreastruchtúir chumarsáide a chur ar iontaoibh d'aonáin nó do chomhlachtaí seachtracha san earnáil phríobháideach sheachtrach de réir Rialachán (CE, EURATOM) Uimh. 1605/2002. I gcás den sórt sin, beidh an soláthraí líonra faoi cheangal ag na bearta slándála sonraithe sna hionstraimí bunúsacha do gach córas agus ní bheidh aon rochtain aige ar shonraí oibríochtúla SIS II, VIS nó EURODAC. Gan dochar do chonarthaí reatha ar líonra SIS II, VIS agus EURODAC, beidh bainistiú na n-eochracha criptiúcháin faoi réir inniúlacht na Gníomhaireachta agus ní dhéanfar é a sheachfhoinsiú d'aonán seachtrach ar bith san earnáil phríobháideach. Cinnteoidh an Gníomhaireacht go bhfuil meas ar na forálacha sin.

Rachaidh conradh S-TESTA le AS DIGIT in éag ag deireadh 2013. Maidir le gníomhaíochtaí reatha, d'fhéadfaidh conarthaí sainiúla a bheith i bhfeidhm sa chreatlach seo go dtí Meán Fómhair 2014, ach le líon teoranta iarratas ar athrú²¹. Ba cheart go mbeadh creatchonradh nua ar fáil i 2013. Ní mór foirmiúlachtaí conartha faoin gcreatchonradh nua agus ascnamh SIS II, VIS agus EURODAC chuig an líonra nua a chur i gcrích faoi mhí Mheán Fómhair 2014 ar a dhéanaí. Tá an Coimisiún freagrach as ábhair chonartha i ndáil leis an líonra. Mar

¹⁸ D'fhonn comhleanúnachas a chinntiú i mbaint amach a gcuid freagrachtaí faoi seach, aontaíodh an líonra, an Gníomhaireachta agus an Coimisiún ar shocruithe oibre oibríochtúla eatarthu, le léiriú i Meabhrán Tuisceana (Airteagal 7(2) de Rialachán na Gníomhaireachta). Tá sé seo dlí le haghaidh faofa i 2012).

¹⁹ Airteagal 26 (2) agus (3) den Rialachán VIS, Airteagal 15 (2) agus (3) de Chinneadh agus Rialachán SIS II agus Airteagal 5(b) de Rialachán na Gníomhaireachta

²⁰ Airteagal 16(1) de Rialachán SIS II

²¹ Rachaidh Creatchonradh sTESTA in éag an 28.9.2013 agus féadfaidh na conarthaí sainiúla deiridh seirbhísí a chumhdach go dtí 28.9.2014, ach le líon teoranta iarratas ar athrú ceadaithe/féideartha le linn na bliana deiridh.

phríomhthosaíocht don Gníomhaireacht i 2013 beidh ullmhú agus cur chun feidhme um ascnamh líonra ina sainréimsí inniúlachta (maoirseacht, slándáil agus bainistiú caidreamh idir na Ballstáit agus soláthraí an líonra nua i gcomhair VIS, SIS II agus EURODAC). Chomh maith leis sin, ina dhiaidh sin úsáidfear an creat nua conartha do na líonraí Isteach Amach agus RTP faoi réir fhaomhadh na mbonn dlí ábhartha (bheadh ionstraimí dlí na gcóras seo ag cur nithe conarthacha don líonra ar iontaoibh don Gníomhaireacht). I láthair na huaire tá an Coimisiún freagrach as gnéithe conartha uile i ndáil le líonraí SIS II, VIS agus EURODAC. Amach anseo, d'fhéadfaí go ndéanfaí athruithe ar bhoinn dlí SIS II agus VIS agus do Rialachán na Gníomhaireachta d'fhonn an Gníomhaireacht a chur ar iontaoibh le freagracht a ghlacadh as nithe conarthacha líonraí na gcóras seo.

Féach freisin ar chuspóir oibríochtúil sainiúil OPU2 i bpointe 2.7.5.

2.6.3. Monatóireacht, tuairisciú agus staitisticí

Cuirfidh an Gníomhaireacht tuairisciú agus staitisticí²² maidir le húsáid córas TF i dtoll a chéile le linn di fheidhmiú na gcóras a bhainistiú agus a mhonatóiriú, mar atá tuartha i mboinn dlí na gcóras TF seo agus arna léiriú sa Rialachán bunaidh. Tuairisceoidh sé go rialta do Pharlaimint, Comhairle agus Coimisiún na hEorpa maidir le feidhmiú teicniúil na gcóras, lena n-áirítear slándáil na gcóras mar aon leis an eolas a theastaíonn uaidh a thabhairt don Choimisiún le cur ar a chumas meastóireacht rialta a dhéanamh ar VIS, EURODAC agus SIS II.

Féach freisin ar chuspóirí oibríochtúla sainiúla AS1-5 i bpointe 2.7.6.

2.6.4. Comhar le Gníomhaireachtaí, tionscadail agus gníomhartha eile i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais

Leanfar le comhar le Gníomhaireachtaí dála CEPOL, EASO, ENISA, EUROJUST, EUROPOL, FRONTEX agus FRA i 2013. Ullmhófar plean gníomhaíochta ina sonrúfar spriocanna agus cuspóirí soiléire maidir le comhar le gach ceann de na Gníomhaireachtaí seo. Beidh comhlántacht ina príomhchuspóir le haghaidh iliomad de na caidrimh seo.

Chomh maith leis sin, déanfaidh an Gníomhaireacht cuntas de chaighdeáin Eorpacha agus idirnáisiúnta, Straitéis Bainistíochta Faisnéise an AE go háirithe agus leanfaidh sí le forbairtí ina dhiaidh sin leis an tSamhail Malartaithe Faisnéise Eorpach.

2.6.4.1. Gníomhaireachtaí

Leanfar le comhar le Gníomhaireachtaí éagsúla, iad seo san áireamh - an Cholaíste Eorpach Póilíneachta (CEPOL), an Oifig Eorpach Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn (EASO), an Gníomhaireacht Eorpach um Shlándáil Líonra agus Faisnéise (ENISA), EUROJUST,

²² I ndáil le VIS, beidh staitisticí de dhíth ar an nGníomhaireacht d'fhonn na tascanna seo a leanas sannta uirthi faoi Rialachán VIS a bhaint amach:

- Cothabháil theicniúil, airteagal 50 (2): éileoidh an Gníomhaireacht rochtain ar an bhfaisnéis riachtanach ar oibríochtaí próiseála i VIS
- Tuairisciú ar fheidhmiú teicniúil VIS, Airteagal 50 (3)
- An Coimisiún a sholáthar leis an bhfaisnéis atá riachtanach chun meastóireachtaí a dhéanamh ar Airteagal (50 (7))

Gníomhaireacht na hEorpa um Fheidhmiú an Dlí (EUROPOL), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) agus an Ghníomhaireacht Eorpach chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha (FRONTEX) i 2013, ag cur leis an gcaidreamh a bhí bunaithe cheana féin i 2012. Réimse tosaíochta amháin a bheidh ann ná meamram tuisceana a idirbheartú le Gníomhaireachtaí Eorpacha eile a bhfuil baint acu le cúrsaí oiliúna i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais.

Glacfaidh Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta páirt i gcruinnithe bliantúla cheannairí Ghníomhaireachtaí CGB agus glacfaidh ionadaí na Gníomhaireachta (ar leibhéal an oifigigh dheisce) páirt i nGrúpa Teagmhála Ghníomhaireachtaí CGB, d'fhonn iniúchadh agus comhaontú a dhéanamh ar fhoirmeacha eile comhair. Ullmhóidh an Ghníomhaireacht plan gníomhaíochta ina sonrúfar cuspóirí soiléir do chomhar le gach ceann de na gníomhaireachtaí eile dá dtagraítear anseo thíos. Tabharfar cuireadh d'ionadaithe ó cuid de na Gníomhaireachtaí sin cur i láthair a dhéanamh ag cruinnithe an Bhoird Bhainistíochta.

- **CEPOL**

Ceann de thascanna na Gníomhaireachta i gcomhthéacs bainistiú oibríochtúil córas TF mórsála ná oiliúint a éascú agus a chinntiú d'úsáideoirí Ballstáit i gcomhthéacs na gcóras atá á n-oibriú aici. Tá dualgas uirthi oiliúint a sholáthar d'fhoireann SIRENE maidir le húsáid theicniúil SIS II sna Ballstáit agus d'fhoireann meastóireachta agus príomhshaineolaithe Schengen.

Grúpa tábhachtach d'úsáideoirí na gcóras TF atá á n-oibriú ag an nGníomhaireacht iad na pearsanra forfheidhmithe dlí. Ba cheart don Ghníomhaireacht a hoiliúint don ghrúpa páirtithe leasmhara seo a chomhordú le CEPOL, agus é mar aidhm comhlántacht a chinntiú. Cur chuige amháin is ea iniúchadh a dhéanamh ar fhorbairt comhchuraclam. Tá tuilleadh eolais maidir leis an gceist seo le fáil i bpointe 2.6.5.

Beidh sé riachtanach oiliúint d'fhoirne meastóireachta agus príomhshaineolaithe Schengen a phlé le FRONTEX agus é mar aidhm comhaontú ar meamram tuisceana idir na gníomhaireachtaí a bhfuil baint acu leis an réimse seo.

- **EASO**

Is é aidhm na Gníomhaireachta comhar praiticiúil tearmainn thíortha an Aontais Eorpaigh (AE) a neartú, d'fhonn tacú le tíortha AE a bhfuil a gcórais tearmainn agus fáiltithe faoi bhrú agus d'fhonn cur chun feidhme an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn (CEAS) a fheabhsú. Ar dtús, is é an príomhchuspóir comhair a bheidh ann caidreamh oibre fóna a bhunú leis an nGníomhaireacht seo, agus comhlántacht a chinntiú.

- **ENISA**

Is é príomhthasc ENISA inniúlacht an AE, na mBallstát agus an phobail ghnó a fheabhsú d'fhonn deacrachtaí slándála líonra agus faisnéise a chosc, déileáil leo agus freagairt dóibh. Feidhmíonn ENISA mar Ionad Saineolais, a spreagann comhar idir na hearnálacha poiblí agus príobháideacha sa réimse seo. Ba chóir go ndíreodh na cuspóirí tosaigh comhair leis an nGníomhaireacht seo ar mhalartú faisnéise agus saineolais.

- **EUROJUST agus EUROPOL**

Forálann Cinneadh 2007/533/CGB (Cinneadh SIS II) do rochtain ar shonraí SIS II d'fhoireann údaraithe speisialta EUROPOL agus comhaltaí náisiúnta EUROJUST agus a gcúntóirí. Féadfaidh na comhlachtaí seo rochtain a fháil ar na sonraí sainiúla a theastaíonn uathu chun a gcuid tascanna a chur i gcrích. Chomh maith leis sin, gheobhaidh EUROPOL rochtain ar shonraí in VIS a bhaineann le cur chun feidhme Chinneadh 2008/633/CGB.

Féadfaidh an dá Ghníomhaireacht seo araon freastal ar chruinnithe an Bhoird Bhainistíochta de chuid na Gníomhaireachta mar bhreathnóirí nuair atá ceist i ndáil le cur chun feidhme Cinneadh SIS II ar an gclár oibre. Féadfaidh EUROPOL freastal ar chruinnithe an Bhoird Bhainistíochta mar bhreathnóirí freisin nuair atá ceist i ndáil le cur chun feidhme Cinneadh VIS maidir ar an gclár oibre.

Tacaíonn EUROJUST le húdaráis inniúla na mBallstát a n-imscrúduithe agus a n-ionchúisimh a chur i gcrích go héifeachtach le linn dóibh a bheith ag déileáil le coireacht thrasteorann. Le cois nithe a bhaineann lena rannpháirtíocht féin in SIS II, is é an chéad phríomhchuspóir comhair a bheidh ann, caidreamh fóna oibre a bhunú leis an nGníomhaireacht, agus comhlántacht a chinntiú.

Is é príomh-mhisean EUROPOL an Eoraip a dhéanamh níos sábháilte trí chabhrú le Ballstáit an Aontais Eorpaigh lena gcomhrac i gcoinne coireacht agus sceimhlitheoireacht thromchúiseach idirnáisiúnta. Déileálann sé le faisnéis seolta ag na Ballstáit chun críche imscrúduithe coiriúla, anailís faisnéise, etc. Ar an lámh eile, tá an Ghníomhaireacht le haghaidh bainistiú oibríochtúil córas mórsála TF sa réimse saoirse, slándála agus ceartais, ina saineolaí ar oibriú agus forbairt córas TF agus aon ardán malartaithe faisnéise eile gan lámh a leagan ar na sonraí a théann trí na córais a bhfuil sí freagrach astu. Le cois nithe a bhaineann le rannpháirtíocht EUROPOL in SIS II agus VIS, samhlaíonn an Ghníomhaireacht go bhféadfadh comhar a bheith i gceist agus é mar aidhm saineolas TF agus creat chun ardáin malartaithe faisnéise a bhainistiú a sholáthar do EUROPOL.

- **FRA**

D'fhéadfadh na córais TF atá á bhfeidmiú ag an nGníomhaireacht do bhainistiú oibríochtúil córas mórsála TF a bheith mar bhonn le himní maidir le cearta daonna, idir cosaint sonraí agus srianta ar shaoirse gluaiseachta. Coinneoidh an Ghníomhaireacht FRA ar an eolas maidir lena gníomhaíochtaí, an réimeas dlí a bhaineann leis na córais atá á mbainistiú aici, freagrachtaí na mBallstát i ndáil le próiseáil sonraí agus na srianta teicniúla ar de dhlúth agus d'inneach na gcóras TF seo iad.

- **FRONTEX**

Réimse tosaíochta amháin atá le soiléiriú le FRONTEX (agus CEPOL chomh maith) an oiliúint a bhaineann le húsáid theicniúil SIS II atá á soláthar ag an nGníomhaireacht le haghaidh bainistiú oibríochtúil córas mórsála TF do mheastóirí agus príomhshaineolaithe Schengen. Tá sé beartaithe ag an nGníomhaireacht iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le meamram tuisceana a thabhairt chun críche leis na gníomhaireachtaí i gceist, Frontex san áireamh, maidir leis seo agus nithe eile. I measc na moltaí eile maidir le réimsí eile a bhféadfadh an Ghníomhaireacht tacú le Frontex leo tá taighde, tástáil agus córais TF a fhorbairt d'fhonn cabhrú le FRONTEX a gníomhaíochtaí a chur i gcrích. I ndáil le tascanna níos suntasaí den sórt seo a bhfuil impleachtaí acmhainní agus buiséid luaite leo, bheadh sé riachtanach glacadh le forálacha dlí chun na tascanna seo a thabhairt ar lámh don Ghníomhaireacht.

2.6.4.2. Samhail Malartaithe Faisnéise Eorpach

Foráiltear sa Rialachán bunaitheach gur "cheart don Ghníomhaireacht caighdeáin Eorpacha agus idirnáisiúnta a chomhlíonadh, agus na ceanglais ghairmiúla is airde á gcur san áireamh aici, go háirithe Straitéis an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Faisnéise" (Aithris 22). Soláthraíonn Straitéis an AE um Bainistiú Faisnéise²³ (IMS) modheolaíocht lena chinntiú go

²³ Ghlac Comhairle CGB an IMS an 30.11.2009 (féach doic. 16637/09 JAI 873).

gcuirfeair cinní faoin ngá atá le sonraí a bhainistiú agus a mhalartú agus cinní faoi bhealaí lena leithéid a dhéanamh san áireamh ar bhealach soiléir, gairmiúil, éifeachtúil agus costéifeachtach, a bheidh cuntasach agus intuigthe do shaoránaigh agus d'úsáideoirí gairmiúla. Sa chomhthéacs seo cuirfidh an Coimisiún Cumarsáid i láthair ar an Samhail Malartaithe Faisnéise Eorpach (EIXM) i mí na Nollag 2012. Agus an IMS á chur san áireamh go hiomlán, tá sé d'aidhm leis an EIXM comhchuibheas agus comhtháthú níos fearr a bhaint amach i réimse an mhalartaithe faisnéise le haghaidh comhair um fhorfheidhmiú an dlí²⁴. Leanfaidh an Gníomhaireacht le gníomh leantach i leith forbairtí leis an EIXM d'fhonn féidearthachtaí le haghaidh comhair amach anseo a shainiú chomh luath agus a ndéanfar beartas an EIXM a fhaomhadh ar leibhéal polaitiúil.

Féach freisin ar chuspóir oibríochtúil GC2 i bpointe 2.7.3.

2.6.5. Oiliúint d'údaráis náisiúnta ar úsáid theicniúil na gcóras TF

Soláthróidh an Gníomhaireacht oiliúint ar úsáid theicniúil SIS II, VIS agus EURODAC do na húdaráis náisiúnta ag glacadh páirte sna córais seo. Soláthróidh sí oiliúint freisin d'fhoireann SIRENE (SIRENE- Supplementary Information Request at the National Entries) agus oiliúint na shaineolaithe ar ghnéithe teicniúla SIS II i gcreatlach mheastóireacht Schengen.

Beidh an Gníomhaireacht freagrach as oiliúint a sholáthar ar úsáid theicniúil SIS II, VIS agus EURODAC do na húdaráis náisiúnta ag glacadh páirte sna córais seo, mar atá leagtha síos sa Rialachán bunaitheach agus sna boinn dlí shainiúla do na córais TF faoina bainistíocht.

Áireofar anseo freisin oiliúint d'fhoireann SIRENE (SIRENE- Supplementary Information Request at the National Entries) agus oiliúint na saineolaithe ar ghnéithe teicniúla SIS II i gcreatlach mheastóireacht Schengen.

Áireofar i gclár gníomhaíochtaí oiliúna na Gníomhaireachta d'fhoireann SIRENE sna Ballstáit i 2013, plé a réachtálfar i rith 2012 a bhfuil sé mar aidhm leis ról na Gníomhaireachta, CEPOL agus Ballstáit faoi seach sa réimse seo a shoiléiriú.

I dtéarmaí coinchréite, síneoidh an Gníomhaireacht meamram tuisceana le CEPOL agus aontófar ar chuimsiú na hoiliúna SIRENE agus SIS II ábhartha i gcuraclaim oiliúna CEPOL le haghaidh údarás forfheidhmithe dlí. Ba cheart go gcumhdófar comhroinnt freagrachta idir na gníomhaireachtaí sa mheabhrán chomh maith.

Meastar go gcuirfeair tús le hoiliúint SIS II údaráis na mBallstát a luaithe a bheidh na lámhleabhair oibríochtúla do na córais seo bailíochtaithe. Ag an bpointe seo, faoi réir cur i gcrích an phlé thuasluaite le CEPOL, meastar go ndíreoidh oiliúint na Gníomhaireachta ar chuariteanna oiliúna chuig an láthair teicniúil le haghaidh údarás náisiúnta atá ag glacadh páirte sna córais seo, d'fhonn aistriú eolais a chothú. Bheadh seisiúin oiliúna á réachtáil i ngrúpaí beaga agus thabharfaí léargas ar oibriú an chórais ábhartha mar aon leis an lámhleabhar oiliúna a mhíniú go soiléir.

A dhála sin, áireoidh clár oiliúna na Gníomhaireachta d'fhoirne meastóireachta agus príomhshaineolaithe Schengen i ngnéithe teicniúla SIS II plé réachtáilte i 2012 d'fhonn ról na Gníomhaireachta, CEPOL agus FRONTEX faoi seach a shoiléiriú. Ar phríomhchuspóir na bpléití sin beidh iniúchadh a dhéanamh ar na ról arna sannadh ar gach gníomhaireacht don chuspóir sainiúil sin ina mboinn dlí faoi seach agus comhlántacht a bhaint amach trína chinntiú go dtairgeann gach Gníomhaireacht punann éagsúil gníomhaíochtaí oiliúna, a chlúdaíonn gach gné de phróiseas Meastóireachta Schengen nuair a chuirtear le chéile iad

²⁴ Is é a bhí i gceist sa chéad chéim de EIXM ar tugadh fúithi i 2010/2011 ná cleachtadh mapála ar na ceithre réimsí seo a leanas - reachtaíocht, cumarsáid, sruthanna faisnéise agus teicneolaíocht.

Is dócha freisin go mbeidh tionchar ag an Rialachán a bheidh ann amach anseo maidir le bunú sásra meastóireachta agus monatóireachta chun cur chun feidhme Schengen Acquis a bhailíochtú, atá á idirbheartú i láthair na huaire le Parlaimint agus Comhairle na hEorpa, ar chlár oiliúna sa réimse seo amach anseo.

Maidir le VIS agus EURODAC, beidh ar an nGníomhaireacht comhordú a dhéanamh ar fhorbairt churaclam le húdaráis náisiúnta agus plean seachadta oiliúna a chur ar bun i gcomhar leis na húdaráis sin.

Féach freisin ar chuspóirí oibríochtúla saineúla GC 9-11 i bpointe 2.7.3 & comhar le Gníomhaireachtaí AE eile (pointe 2.6.4).

Tá oiliúint d'fhoireann na Gníomhaireachta clúdaithe i bpointe 2.5.1.

2.6.6. Monatóireacht ar thaighde agus faire teicneolaíochta

Tá dualgas ar an nGníomhaireacht, i gcomhar leis na Ballstáit, a chinntiú i gcónaí, go mbeidh an teicneolaíocht is fearr ar fáil, faoi réir anailís costais is tairbhe, in úsáid le haghaidh gach feidhm atá á bainistiú aici, lena n-áirítear córais TF, bogearraí riaracháin agus na líonraí. Bainfidh sé úsáid as na prionsabail chéanna dá córais inmheánacha féin freisin. Tá léargas le fáil ar an tosaíocht seo sna cuspóirí straitéiseach in Uimh 2 "Ag bogadh i dtreo bheith ina lárionad barr feabhais" agus Uimh 4 "Ag optamú cost-éifeachtúlachta".

Bunóidh an Gníomhaireacht struchtúir, acmhainní, uirlisí faisnéise, nósanna imeachta agus modheolaíochtaí d'fhaire teicneolaíochta (monatóireacht ar thaighde san áireamh) d'fhonn a chur ar a chumas an méid tairbhe is féidir a bhaint as na forbairtí teicneolaíocha nua atá ábhartha dá gníomhaíochtaí. San áireamh anseo beidh an monatóireacht ar thaighde. Cinnteoidh cur i bhfeidhm rialacha Fiontraíochta TFC ar tagraíodh dó níos túisce, go mbeidh torthaí na hoibre seo dírithe ar luach gnó níos fearr a sheachadadh. Beidh ról ríthábhachtach ag na grúpaí comhairleacha san obair seo.

2.6.6.1. Monatóireacht ar Thaighde

Déanfaidh an Gníomhaireacht monatóireacht ar fhorbairtí taighde de réir mar atá ábhartha do bhainistiú SIS II, VIS, EURODAC agus córais TF mhórsála eile. Sonrófar tosaíochtaí saineúla níos faide anonn, agus cuirfear tuairimí na nGrúpaí Comhairleacha san áireamh.

Coinneoidh an Gníomhaireacht Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, an Coimisiún agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (sa chás go bhfuil ceisteanna cosanta sonraí i gceist) ar an eolas maidir leis na forbairtí atá á ndéanamh, dhá uair sa bhliain, ar a laghad.

2.6.6.2. Faire teicneolaíochta

San áireamh san obair seo tá monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí nua teicneolaíocha, teicníochtaí agus próisis nuálacha, caighdeáin, reachtaíocht, ceisteanna agus réitigh shlándála ábhartha d'oibriú, bainistiú agus forbairt córas TF amach anseo i réimse an cheartais, na saoirse agus na slándála, lena n-áirítear athruithe atá beartaithe a chur i gcrích sna hearnálacha oibríochtúla a bhfuil sé mar aidhm ag na córais TF seo tacú leo. Chomh maith leis sin, beidh forbairtí leantacha i dtrealamh agus i mbogearraí nua san áireamh, agus é mar aidhm soláthar éifeachtach a chinntiú. Chomh maith leis sin, déanfaidh na Grúpaí Comhairleacha obair thábhachtach trí chomhairle a sholáthar maidir le córais agus réimsí saineúla ar chóir monatóireacht níos réamhghníomhaí a dhéanamh orthu. Cuirfidh an Gníomhaireacht leis na teagmhálacha atá bunaithe aici cheana féin i 2012, agus é mar aidhm líonrú, comhar agus malartú dea-chleachtais éifeachtach le gníomhaireachtaí agus le húdaráis atá ag feidhmiú i réimsí ábhartha a chinntiú.

I measc na gcineálacha réimsí a bheadh le scrúdú faoin gceannteideal seo agus faoi mhonatóireacht taighde bheadh bithmhéadracht, feidhmiúlachtaí do chuardach bithmhéadrachta san áireamh, forbairtí teicneolaíochta a chuirfidh dlús faoi fheidhmiú, iontaofacht agus solúbthacht córas, dála fíorúlú agus treochothaí nua i ndearadh agus cuardach ardfheidhmíochta bunachar sonraí, teicneolaíochtaí agus feidhmchláir a éascaíonn aithint céannachta níos éifeachtaí, lena n-áirítear loighic na doiléire agus teicneolaíochtaí agus feidhmchláir chun idirnasacht a éascú.

Féach freisin ar chuspóirí oibríochtúla sainiúla MAN1 (Forfheidhmiú Rialachas Fiontraíochta TFC agus caighdeán eile, pointe 2.7.1), GC1 (faire teicneolaíochta, pointe 2.7.3) agus AS6 (Monatóireacht ar thaighde, pointe 2.7.6).

2.6.7. Cumarsáid

Eagróidh an Ghníomhaireacht gníomhaíochtaí cumarsáide ar a conlán féin i réimsí a tascanna féin lena n-áirítear a láithreán gréasáin féin a bhunú. Chomh maith leis sin, beidh baint aici leis an ullmhúchán d'fheachtas SIS II, atá sceidealta don chéad ráithe de 2013 agus athfheachtas a eagrú nuair is gá. Chomh maith leis sin, tá dualgas ar an nGníomhaireacht de réir bhoinn dlí na gcóras TF faoina freagracht, cúram a dhéanamh d'fhoilsiú cineálacha áirithe faisnéise, lena n-áirítear liostaí d'údaráis náisiúnta a bhfuil ceart rochtana nó úsáide sonraí sna córais TF á mbainistiú ag an nGníomhaireacht acu, mar aon le nuashonruithe ar a leithéid sin de liostaí.

Féach freisin ar chuspóirí oibríochtúla sainiúla GC5-6 i bpointe 2.7.3.

2.6.8. Bainistíocht airgeadais, infreastruchtúir, lóistíocht agus tascanna riaracháin

Comhdhlúthóidh an Ghníomhaireacht a foirne agus nósanna imeachta airgeadais, agus é mar aidhm neamhspleáchas airgeadais a bhaint amach i rith na bliana. Beidh an Ghníomhaireacht freagrach as bainistiú tógála agus tascanna lóistíochta ar bhonn leanúnach, ag cur socruithe intí i bhfeidhm d'fhonn teacht in ionad na gcomhaontuithe leibhéal seirbhíse le seirbhísí lárnacha an Choimisiúin. Ar aon dul leis seo, cinnteoidh an Ghníomhaireacht go leanfar le dlús a chur faoin obair ar fad a bhaineann leis an áitreabh a bheidh i dTaillinn amach anseo chomh maith le nuashonrú an tsuímh theicniúil in Strasbourg. Féach freisin pointe 1.2.9 má theastaíonn tuilleadh faisnéise uait, lena n-áirítear comhairliúchán leis an mBord Bainistíochta maidir le ceisteanna airgeadais.

2.6.8.1. Bainistiú airgeadais

Déileálfaidh an Ghníomhaireacht le go leor nósanna imeachta soláthair, lena n-áirítear nósanna imeachta a bhaineann le huasghrádú foirgneamh agus áiseanna, soláthar trealamh agus rothaí agus soláthar speisialaithe a bhaineann leis na córais TF faoina bainistíocht. Comhdhlúthóidh an Ghníomhaireacht a nósanna imeachta agus foirne airgeadais agus cinnteoidh sí go mbeidh an fhoireann lánoilte sa réimse seo i 2013, agus é mar aidhm neamhspleáchas airgeadais a bhaint amach. Déanfaidh sí tréaniarracht luach maith ar airgead a chinntiú i ngach réimse de bhainistiú airgeadais agus déanfar athbhreithniú rialta ar an scóip atá ann costéifeachtúlacht a hoibríochtaí a fheabhsú.

Tá tuilleadh eolais maidir leis an cuspóirí oibríochtúla mionsonraithe le fáil i bpointe 2.7.7.

2.6.8.2. Tascanna riaracháin agus lóistíochta

I láthair na huairé, tá na tascanna bunúsacha riaracháin agus lóistíochta a bhaineann leis an nGníomhaireacht agus a pearsanra á gcur i gcrích faoi théarmaí na gcomhaontuithe éagsúla leibhéal seirbhíse idir an Ghníomhaireacht agus Seirbhísí an Choimisiúin agus/nó comhlachtaí AE. Ó 2013 anonn, bogfaidh an Ghníomhaireacht ar aghaidh diaidh ar ndiaidh

chun a seirbhísí inti féin a bhunú, nó seirbhísí seachfhoinsithe faoina freagracht féin, i gcás go leor de na nithe atá clúdaithe sna Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse tosaigh seo. Príomhthosaíocht amháin don Gníomhaireacht ag tús 2013 é a rannpháirtíocht sna nósanna imeachta a bhaineann leis an gcéad bhabhta earcaíochta a chur i gcrích.

Tá tuilleadh eolais maidir leis na cuspóirí oibríochtúla mionsonraithe le fáil in AS7 (lóistíocht agus bainistíocht foirgnimh) agus AS 8-9 (acmhainní daonna) i 2.7.6.

2.6.8.3. Ullmhú agus bainistiú áitreabh agus láithreacha

Tuairtar na gníomhaíochtaí seo a leanas sa bhliain 2013:

- **Foirgneamh Ceanncheathrún i dTaillinn, an Eastóin:** tá an Gníomhaireacht lonnaithe in áitreabh sealadach ó Mheitheamh 2012. Déanfaidh an Gníomhaireacht maoirseacht ar an obair ullmhúcháin a bhaineann leis an áitreabh buan atá le soláthar ag an Eastóin do cheanncheathrú na Gníomhaireachta, ag cinntiú go mbeifear ag leanúint mar ba chóir leis an obair thógála d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonfar an sprioc a bhaineann leis an bhfoirgneamh a bheith ar fáil i 2014.
- **Ullmhúcháin don láthair theicniúil in Strasbourg:** tá oibreacha tosaíochta atá riachtanach d'fheidhmiú oibríochtaí na Gníomhaireachta (mar a aithníodh i staidéar a rinne conraitheoir seachtrach i 2012) le cur chun feidhme faoi mhí na Nollag 2012 ar a dhéanaí. D'fhéadfadh go mbeadh gá le tuilleadh oibreacha ath-chomhshó i rith 2013. Príomhréimse tosaíochta amháin é ullmhacht thráthúil na n-infreastruchtúr a bhaineann le SIS II a chinntiú. Déanfaidh an Gníomhaireacht breis anailíse ar na himpleachtaí a bhaineann le córais bhreise a fhorbairt amach anseo, an staidéar reatha á chur san áireamh.
- D'fhéadfadh go mbeadh a thuilleadh oibreacha athchomhshó riachtanach freisin i gcaitheamh 2013.
- **Bainistíocht infreastruchtúir ar an láthair chúlta:** Is éard a bheidh i gceist leis an obair a dhéanfar i 2013 gnáthbhainistiú agus gnáthchothabháil infreastruchtúir.

Tá cuspóirí oibríochtúla mionsonraithe le fáil in AS7 (lóistíocht agus bainistíocht foirgnimh) i bpointe 2.7.6.

2.6.9. Bord Bainistíochta agus Grúpaí Comhairleacha

2.6.9.1. Bord Bainistíochta

Sa réimse rialachais, is é an príomhchuspóir a bheidh ann a chinntiú go gcuireann an Gníomhaireacht na tascanna atá sonraithe ina Rialachán bunaidh i gcrích ar an mbealach is costéifeachtaí agus is féidir, ag cur cuspóirí straitéiseacha meántréimhseacha san áireamh. Mar a tharla i 2012, soláthróidh foireann na Gníomhaireachta tacaíocht leanúnach don Bhord Bainistíochta i ndáil lena sainordú a chur i gcrích. San áireamh anseo tá teagmháil leanúnach le comhaltaí an Bhoird, cruinnithe reachtúla a eagrú agus cáipéisí le tacú lena cuid oibre a ullmhú. Glacfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin páirt i gcruinnithe an Bhoird Bhainistíochta gan cearta vótála. Tíocfaidh an Bord Bainistíochta le chéile uair amháin, ar a laghad, gach sé mhí.

Le cois cáipéisí caighdeánacha a fhaomhadh sa bhuiséad bliantúil agus saolré pleanála dála buiséad agus dréachtbhuiséad (meastacháin) 2014, an Tuarascáil Gníomhaíochta Bliantúil do 2012 agus an dréacht-Chlár Oibre Bliantúil do 2014, i measc na nithe tábhachtacha a bheidh le cinneadh ag an mBord Bainistíochta i 2013 beidh nithe a bhaineann leis an ullmhúcháin don áitreabh buan i dTaillinn agus cur chun feidhme na n-oibreacha ag an láthair theicniúil in Strasbourg. Beidh ar an mBord Bainistíochta tacú le cinntí maidir le baint EURODAC freisin.

2.6.9.2. Grúpaí Comhairleacha

Tabharfaidh foireann na Gníomhaireachta tacaíocht iomlán d'obair na nGrúpaí Comhairleacha freisin. Beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin nó ionadaí dá chuid/cuid i dteideal freastal ar chruinnithe uile na ngrúpaí sin mar bhreathnóirí.

Beidh trí chumraíocht de na grúpaí Comhairleacha ann ar dtús (SIS II, VIS agus EURODAC). Tá sé beartaithe go dtiocfaidh na grúpaí seo le chéile gach 1-2 mí i 2013. Sonrófar na nósanna imeachta maidir lena gcomhar agus oibriú i rialacha nós imeachta na Gníomhaireachta.

Is é a bheidh mar phríomhról na ngrúpaí sin ná saineolas a chur ar fáil don Bhord Bainistíochta maidir le córais TF mórsála agus, go háirithe, i gcomhthéacs ullmhú an chlár oibre bhliantúil agus na tuarascála gníomhaíochta bliantúil. Chomh maith leis sin, déanfaidh siad moltaí maidir le bearta slándála agus tabharfaidh siad a dtuairim maidir le clár oibre ilbhliantúla. Féadfar cabhair a lorg ó chomhaltaí an ghrúpa seo má theastaíonn cabhair ó chomhaltaí an Bhoird Bhainistíochta. I measc tascanna eile na nGrúpaí Comhairleacha d'fhéadfadh go mbeadh saineolas ar theicneolaíocht faisnéise a sholáthar don Bhord Bainistíochta ar na córais, sonraíochtaí teicniúla de chineál sonrach a ullmhú nach bhforchuireann forálacha normatacha ar na Ballstáit ná ar an gCoimisiún, ionchur a sholáthar maidir leis na dréacht-tuarascálacha ar fheidhmiú teicniúil na gcóras, ar oiliúint saineolaithe, ar threo na monatóireachta ar thaighde, ar staitisticí faoi na córais agus ar aon ábhar eile a bhaineann go díreach le forbairt bhainistíochta nó bainistiú oibríochtúil na gcóras. Socróidh gach grúpa na tosaíochtaí sainiúla. Go háirithe, cuirfear tosaíochtaí oibríocháin don chóras ábhartha san áireamh ina gcuid oibre.

I measc na dtosaíochtaí a bheidh ag na grúpaí seo i 2013 beidh cumas VIS riachtanais theicniúla an rolladh amach domhanda a chomhlíonadh, obair leantach ar oibríochtaí SIS II a chur chun feidhme, méadú ar úsáid an chórais seo, ceisteanna teicniúla a bhaineann le hathlonnú EURODAC ó Lucsamburg go Strasbourg agus Sankt Johann im Pongau agus glacadh le EURODAC d'fhonn cuntas a dhéanamh den Rialachán Athmhúnlaithe amach anseo. Réimse tosaíochta eile do na grúpaí ar fad a bheidh sna hullmhúcháin theicniúla a bhaineann le haontacht Ballstát nua, an Chróit go háirithe i gcomhthéacs na gcóras TF seo, ullmhúcháin d'fhonn ullmhacht theicniúil na Cipire le bheith páirteach in SIS II agus VIS a chinntiú (mar atá thuasluaite, ní mór na coinníollacha riachtanacha d'úsáid gach cuid de Schengen acquis, mar a bhforáiltear in Acht Aontachais 2003, a chomhlíonadh ionas gur féidir leis an gCipir a bheith páirteach i limistéar Schengen) agus comhtháthú tíortha dála an Ríocht Aontaithe agus Éireann in SIS II.

Tá cuspóirí oibríochtúla mionsonraithe a bhaineann le tacaíocht riaracháin don Bhord Bainistíochta agus do na grúpaí comhairleacha le fáil in AS10-11 i bpointe 2.7.6.

2.7. Cuspóirí oibríochtúla sainiúla agus táscairí feidhmíochta

Clár Ábhair:

2.7.1 Cuspóirí le stiúradh ar leibhéal na Gníomhaireachta (le hionchur ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin)

2.7.2 Bainistiú agus Cothabháil Feidhmchlár

(Bainistiú oibríochtúil SIS II, VIS agus EURODAC agus ullmhúcháin do chórais TF nua)

2.7.3 Comhordú Ginearálta

(Faire teicneolaíochta, comhar idirghníomhaireachta, cosaint sonraí, comhairle dlí, cumarsáid inmheánach agus sheachtrach, oiliúint d'fhoireann gníomhaireachta agus oiliúint do Bhallstáit, oibreoirí SIRENE agus meastóirí Schengen)

2.7.4 Iniúchadh Inmheánach

2.7.5 Ábhair oibríochtúla agus Infreastruchtúr

(Bainistiú córas, líonra, deasc chabhrach, monatóireacht ar fheidhmiú na gcóras)

2.7.6 Acmhainní agus ábhair riaracháin

(Monatóireacht, tuairisciú, eolas do Choimisiún na hEorpa, Parlaimint na hEorpa, MECS agus na Ballstáit, staitisticí, Monatóireacht ar thaighde, lóistíocht agus bainistíocht foirgnimh, acmhainní daonna, tacaíocht riaracháin don bhord bainistíochta agus do na grúpaí comhairleacha)

2.7.7 Soláthar agus Conarthaí

2.7.8 Slándáil

2.7.1. Cuspóirí le stiúradh ar leibhéal na Gníomhaireachta (le hionchur díreach ón Stiúirthóir Feidhmiúcháin)

Uimh. Sprice/ Cusp.	Cuspóir	Torthaí & táscaire feidhmíochta	
		Toradh	Táscaire feidhmíochta
MAN1	<p>1.1 Plean gníomhaíochta a ullmhú d'fhorfheidhmiú rialachas Fiontraíochta TF.</p> <p>1.2 Ba chóir go n-áireodh an plan gníomhaíochta in 1.1 thuas obair a bhaineann le forfheidhmiú leibhéal riachtanach aibíochta chreat COBIT le haghaidh rialachas TF i 2013.</p> <p>1.3 Pleanáil don am romhainn agus é mar aidhm ISO 9001 a fhorfheidhmiú amach anseo.</p>	<p>1.1-1.1.2</p> <p>Plean gníomhaíochta ullmhaithe</p> <p>Tús a chur leis an bplan gníomhaíochta a fhorfheidhmiú.</p> <p>1.3 Plean gníomhaíochta i bhfeidhm agus é mar aidhm an caighdeán seo a chur chun feidhme sa mheántréimhse</p>	<p>1.1-1.2 Plean gníomhaíochta ullmhaithe agus obair ag leanúint ar aghaidh mar ba chóir ar phlean gníomhaíochta.</p> <p>1.3 Plean gníomhaíochta ullmhaithe.</p>
MAN2	<p>Sainmhíneadh agus faomh, i gcomhairle leis an gCoimisiún, Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse (ceann amháin do gach córas TF, ceann don infreastruchtúr cumarsáide agus ceann slándála), ag sonrú an leibhéil seirbhíse a ráthóidh an Gníomhaireacht</p>	<p>Na táscairí mionsonraithe le faomhadh ag an mBord Bainistíochta faoi dheireadh R1 2013</p>	<p>Tráthúlacht agus cáilíocht.</p> <p>Ní mór go dtabharfadh na táscairí meas don leibhéal céanna seirbhíse, ar a laghad, do gach ní insoláthartha, sula nglacann an Gníomhaireacht freagracht astu</p>

²⁵ I ndáil le VIS, EURODAC, an t-infreastruchtúr cumarsáide agus slándáil, beidh dualgas ar an nGníomhaireacht an leibhéal seirbhíse a bhí ann roimh fhreagracht a ghlacadh as na córais a chothabháil. Chomh maith leis sin, ráthóidh an Gníomhaireacht leibhéal seirbhíse comhionann do SIS II.

	<p>d'úsáideoirí na gcóras (Ballstáit). Beidh táscairí feidhmíochta mionsonraithe san áireamh iontu seo.</p> <p>Ráthóidh na comhaontuithe seo leibhéal seirbhíse trasna an bhoird a bheidh comhionann le nó níos fearr ná na socruithe atá i bhfeidhm le hoibreoírí eile sula nglacann an Ghníomhaireacht freagracht as na tascanna seo²⁵.</p>		
MAN3	<p>A chinntiú go bhfuil struchtúr oiriúnach bainistíochta i bhfeidhm d'fhonn a chur ar chumas na Ghníomhaireachta a riachtanais slándála a chomhlíonadh.</p>	<p>3.1 Aonad slándála sainiúil a bhunú.</p> <p>3.2 A chinntiú go dtugtar tús áit do mhórchéisteanna slándála.</p> <p>3.3 Ní mór don Bhord Bainistíochta glacadh tráthúil na bpríomhnithe insoláthartha slándála atá ag teastáil de réir na mbonn dlí a chinntiú</p> <p>3.4 Ní mór don Bhord Bainistíochta a chinntiú go ndéantar obair leantach d'fhonn a chinntiú go ndéantar iniúchadh ar mholtaí agus ar thuarascálacha agus/nó iniúchtaí MECS.</p>	<p>3.1 Aonad slándála curtha i bhfeidhm</p> <p>3.2 Nósanna imeachta curtha in iúl don fhoireann ar fad</p> <p>3.3 Na nithe insoláthartha ar fad a theastaíonn de réir na mbonn dlí glactha. Tráthúlacht glacadh leis na nithe insoláthartha.</p> <p>3.4 Pleananna gníomhaíochta bunaithe do na moltaí go léir.</p>

2.7.2. Bainistiú agus Cothabháil Feidhmchlár

	Cuspóir	Torthaí & táscaire feidhmíochta	
		Toradh	Táscaire feidhmíochta
AM1	Bainistiú Oibríochtúil SIS II	<p>1.1 Na tascanna riachtanacha ar fad d'fhonn feidhmíú 24/7 SIS II Lárnach a chinntiú de réir na mbonn dlí atá i bhfeidhm don chóras seo. Go háirithe na forbairtí cothabhála & teicniúla atá riachtanach le haghaidh reáchtáil an chórais agus monatóireacht ar</p>	<p>1.1-1.2 Beidh táscairí sainiúla san áireamh sna comhaontuithe leibhéal seirbhíse forbartha faoi chuspóir MAN2 thuasluaite.</p> <p>1.3 Gnóthachtáil na ngarspriocanna le comhaontú leis an mBallstát i gcreat an</p>

		<p>fheidmiú teicniúil an chórais.</p> <p>1.2 Ba chóir go gclúdódh na cuspóirí agus táscairí sainiúla sa Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse na cuspóirí bainistíochta táirgí freisin (m.sh. riachtanais páirtithe leasmhara á ngabháil ag an gcóras bainistíochta, treochlár táirgí le leaganacha agus eisiúintí agus sástacht páirtithe leasmhara le feidhmiúlacht fheidhmchlár SIS II a chinntiú).</p> <p>1.3 Maoirseacht & monatóireacht a dhéanamh ar obair faoin gconradh a bhaineann le cothabháil SIS II i ndiaidh glacadh deiridh an chórais.</p>	<p>chonartha le haghaidh chothabháil SIS II i ndiaidh glacadh deiridh an chórais.</p>
AM2	Bainistiú oibríochtúil VIS	<p>2.1 Bainistiú Oibríochtúil</p> <p>Na tascanna riachtanacha ar fad d'fhonn feidhmiú 24/7 VIS II Lárnach a chinntiú de réir na mbonn dlí atá i bhfeidhm do VIS. Go háirithe na forbairtí cothabhála & teicniúla atá riachtanach le haghaidh reáchtáil éifeachtach an chórais. Áireofar anseo freisin monatóireacht ar fheidhmiú teicniúil an chórais.</p> <p>2.2 Na nithe seo a leanas a chothabháil agus a choinneáil cothrom le dáta:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Bunachar sonraí na bainistíochta cumraíochta • An Treoir Fabhtcheartaithe • An Bunachar Sonraí Faisnéise • Liosta uileghabhálach CCanna d'úsáideoirí. <p>2.3</p> <ul style="list-style-type: none"> • Maoirseacht & monatóireacht a dhéanamh ar obair chothabhála faoi chonradh MWO um VIS. • Freagracht a ghlacadh as obair mhonatóireachta faoin gconradh seo chun VIS a uasghrádú, 	<p>2.1-2.2 Beidh táscairí sainiúla san áireamh sna comhaontuithe leibhéal seirbhíse forbartha faoi chuspóir MAN2 thuasluaite.</p> <p>2.3 Gnóthachtáil na ngarspriocanna le comhaontú leis an mBallstát i gcreat chonradh MWO agus an síneadh.</p> <p>2.4 VISMAIL2</p> <p>Tástáil an sceidil a thabhairt chun críche</p>

		<p>2.4 VISMAL2</p> <ul style="list-style-type: none"> Na tástálacha atá ar an sceideal a thabhairt chun críche. <p><i>Féach teideal Slándála i ndáil le nithe insoláthartha slándála a bhaineann leis an gcóras seo</i></p>	
AM3	Bainistiú oibríochtúil EURODAC	<p>Na tascanna riachtanacha ar fad d'fhonn feidhmiú 24/7 EURODAC Lárnach a chinntiú de réir na mbonn dlí atá i bhfeidhm don chóras seo. Go háirithe na forbairtí cothabhála & teicniúla atá riachtanach le haghaidh reáchtáil éifeachtach an chórais.</p> <p>San áireamh anseo beidh obair a bhaineann le monatóireacht theicniúil an chórais.</p>	<p>Beidh táscairí sainiúla san áireamh sna comhaontuithe leibhéal seirbhíse forbartha faoi chuspóir MAN2 thuasluaite.</p> <p><i>Féach earnáil Slándála i ndáil le nithe insoláthartha slándála a bhaineann leis an gcóras seo.</i></p>
AM4	Córais TF Nua Meastacháin agus pleananna a bhaineann le freagracht a d'fhéadfaí a ghlacadh as córais nua amach anseo, Córas Isteach Amach agus RTP ach go háirithe.	<p>Meastacháin maidir le himpleachtaí féideartha eagraíochtúla, acmhainní & airgeadais rannpháirtíocht na Gníomhaireachta i dtreimhsí cláraithe amach anseo agus ullmhúchán ar bun le haghaidh glacadh le boinn dlí féideartha na gcóras a bheidh ann amach anseo (comhaid airgeadais na dtograí dlí á gcur san áireamh).</p>	<p>Plean tascach ag déileáil le hábhair eagraíochtúla agus acmhainní (acmhainní airgeadais agus daonna) a bhaineann le glacadh féideartha na gcóras seo.</p>

2.7.3. Comhordú Ginearálta

	Cuspóir	Torthaí & táscaire feidhmíochta	
		Toradh	Táscaire feidhmíochta
GC1	Faire teicneolaíochta	<p>Córais/foirne praiticiúla a bhunú, le haghaidh faire teicneolaíochta de réir na samhlacha rialachais agus na modheolaíochtaí bunaithe ag leibhéal eagraíochtúil agus a chinntiú go n-áirítear torthaí na faire teicneolaíochta i bpróisis eile na Gníomhaireachta.</p>	<ul style="list-style-type: none"> Eagraíocht/Foireann bunaithe agus na chéad tograí/moltaí coinchréiteacha déanta maidir le teicneolaíochtaí arbh fhéidir iad a úsáid go réalaióch chun oibriú na gcóras atá faoi bhainistíocht na Gníomhaireachta a fheabhsú.
GC2	Comhar idir-ghníomhaireachta	<p>Plean Gníomhaíochta a ullmhú do chomhar le</p>	<p>1.1 Plean gníomhaíochta dréachtaithe</p>

		Gníomhaireachtaí eile, ina sonraítear téamaí comhair & bealaí le comhaontú ar bhearta coinchréiteacha comhair. Cuirfidh an obair leis an bplé a reáchtáladh i 2012. Is é an cuspóir deiridh a bheidh ann aontú ar shraith shoiléir cuspóirí comhair/nithe insoláthartha do gach líonra & iad seo a fhorfheidhmiú.	1.2 Fanann an obair ar aon dul le plan gníomhaíochta
GC3	Na nósanna imeachta agus na próisis riachtanacha a chur i bhfeidhm d'fhonn an leibhéal chosanta sonraí is airde agus is féidir a chinntiú i ndáil le hoibríochtaí riaracháin na Gníomhaireachta agus na córais faisnéise faoina bainistíocht agus a bhforfheidhmiú iomlán a chinntiú.	3.1. Nósanna imeachta a bhunú 3.2. Spotseiceáil a dhéanamh ar fheidhmiúlacht	Na nósanna imeachta riachtanacha ar fad bunaithe Dréachtplean gníomhaíochta forbartha ag déileáil le haon laigí aitheanta. Níor aimsíodh aon laigí tromchúiseacha i rith na spotseiceálacha nó i gcreat na n-iniúchtaí.
GC4	Comhairle dlí: Creat a bhunú chun comhairle dlí a sholáthar áit ar cuí d'oibríochtaí inmheánacha na Gníomhaireachta agus a sheasamh a chosaint vis-à-vis seasamh seachtrach (m.sh. d'ábhair dhlí a bhaineann le nósanna imeachta tairisceana).	4.1. Creat agus nósanna imeachta bunaithe 4.2. Comhairle dlí curtha ar fáil go tráthúil do chinnteoireacht inmheánach 4.3. Comhairle dlí tráthúil maidir le seasamh na Gníomhaireachta in aon dlíthíocht a d'fhéadfadh a bheith i gceist	Tráthúlacht agus cáilíocht na comhairle
GC5	Cumarsáid inmheánach: Misean, luachanna agus cultúr na Gníomhaireachta a chur chun cinn i measc na foirne trí dhréachtú agus scaipeadh uirlisí cumarsáide, imeachtaí inmheánacha ardaithe feasachta agus deachleachtais eile;	5.1. Láithreán inlín saincheaptha d'Fhoireann na Gníomhaireachta 5.2. Gníomhaíochtaí agus imeachtaí neamhfoirmiúla inmheánacha ardaithe feasachta 5.3. Feasacht a ardú maidir leis an tosaíocht a bhaineann le barr feabhas teicniúil & eagraíochtúil a bhaint amach ar an mbealach is costéifeachtaí agus is féidir.	5.1 nuashonruithe seachtainiúla 5.2 Gníomhaíocht ardaithe feasachta amháin in aghaidh na míosa 5.3 faoi dhó sa bhliain (tríd an inlín agus/nó cruinnithe inmheánacha).

<p>GC6</p>	<p>Cumarsáid sheachtrach:</p> <p>An Ghníomhaireacht agus na córais atá i bhfeidhm aici a chur chun cinn agus na riachtanais chumarsáide atá sonraithe sa Rialachán bunaidh agus i mboinn dlí na gcóras TF atá á mbainistiú ag an nGníomhaireacht a chomhlíonadh</p>	<p>6.1. Straitéis cumarsáide seachtraí níos mionsonraithe a ullmhú faoi dheireadh Ráithe 2</p> <p>6.2. Críoch a chur leis an bpleanáil & leis na hullmhúcháin a bhaineann le rannpháirtíocht na Gníomhaireachta i bhfeachtas faisnéise SIS II & na tascanna seo a fhorfheidhmiú sula gcuirtear tús le hoibríochtaí SIS II (d'fhéadfaí freisin go gcuirfí tús le hobair ar phleanáil na bhfeachtas a reáchtálfar amach anseo)</p> <p>6.3. Cumarsáid maidir le hobair déanta ag an nGníomhaireacht ar a conlán féin i réimsí a tascanna féin, lena n-áirítear tuilleadh forbartha a dhéanamh agus nuashonruithe rialta ar láithreán gréasáin na Gníomhaireachta, agus barrfheabhsú infheictheacht an láithreáin.</p> <p>6.4. Líonra teagmhálacha do na meáin a fhorbairt, caidreamh fóna a bhunú leis na teagmhálacha seo, eolas a oireann do na meáin a sholáthar, eolas (teachtaireachtaí soiléire), impleacht a mheas trí mhonatóireacht & léirmheasanna preasa & oiliúint sna meáin a eagrú d'fhoireann na Gníomhaireachta</p> <p>6.5. Eagrú nó rannpháirtíocht fhéideartha i bhfeachtais VIS ina dhiaidh sin, má theastaíonn a leithéid</p> <p>6.6 Na riachtanais foilsithe atá sonraithe sna boinn dlí a chomhlíonadh, go háirithe:</p> <p>6.7 Clár Oibre Bliantúil 2014 agus tuarascáil gníomhaíochta bliantúil 2012 a fhoilsiú</p> <p>6.8 Foilsiú bliantúil liosta d'údaráis náisiúnta údaraithe chun sonraí sna córais TF faoina bainistíocht a úsáid nó a chuardach (SIS II, VIS, EURODAC), mar atá</p>	<ul style="list-style-type: none"> • críoch tráthúil na straitéise agus na n-ábhar eolais • Méadú diaidh ar ndiaidh ar an líon amas ar láithreán gréasáin na Gníomhaireachta i rith na bliana • Sástacht úsáideora agus páirtithe leasmhara (suirbhé bliantúil ar an láithreán gréasáin, suirbhé i ndiaidh gach feachtais) • Cáilíocht agus méid an chumhdaigh preasa ar mhórfhorbairtí a bhaineann leis an nGníomhaireacht. • Comhlíonadh tráthúil na riachtanas foilsithe faoi na boinn dlí (tuarascáil bhliantúil don Ghníomhaireacht, liostaí d'údaráis náisiúnta agus nuashonruithe bliantúla agus oibleagáidí tuairiscithe eile)
-------------------	---	---	---

		sainmhínte i mbonn dlí na gcóras seo.	
GC7	Oiliúint Ghinearálta d'fhoireann na Gníomhaireachta	<p>7.1 Oiliúint Ghinearálta</p> <p>1. Oiliúint bunaithe ar an bpaca fáiltithe (2 sheisiún i 2013)</p> <p>2. Oiliúint bunaithe ar an bpaca Fáiltithe Riaracháin (2 sheisiún i 2013)</p> <p>3. Imeachtaí agus láithreoireachtaí Neartaithe Foirniúlachta:</p> <p>i) seimineáir intí neartaithe foirniúlachta ii) láithreoireachtaí lóin/bricfeasta le nasc féideartha VC idir suímh, iii) turas allamuigh</p> <p>Beidh srianta buiséid san áireamh sna gníomhaíochtaí neartaithe foirniúlachta, agus leagfar béim ar réitigh intí ísealbhuiséid.</p>	<p>90% d'fhoireann na Gníomhaireachta ag freastal ar 2 imeacht neartaithe foirniúlachta, ar a laghad, in aghaidh na bliana</p> <p>100% den fhoireann i ranna ón dá láthair ag freastal ar dhá ghníomhaíocht neartaithe foirniúlachta, ar a laghad, in aghaidh na bliana.</p>
GC8	Oiliúint Theicniúil d'fhoireann na Gníomhaireachta	<p>Oiliúint theicniúil d'fhoireann theicniúil na Gníomhaireachta</p> <p>8.1 Oiliúint bunaithe ar Phaca Fáiltithe TF na Gníomhaireachta: Cúrsa seachtaine d'earcaigh theicniúla nua (gnéithe coiteanna na gcóras ar fad).</p> <p>8.2 Oiliúint shonrach maidir leis an uasghrádú teicniúil²⁶</p> <p>8.3 Oiliúint ghnó agus oibríochtúil: oiliúint a bhaineann le feidhmeanna gnó & oibríochtúla an chórais shonraigh a bheidh á hoibriú/á bainistiú²⁷ ag an bhfoireann</p>	<p>Ginearálta:</p> <ul style="list-style-type: none"> - D'fhreastail 100% den fhoireann ar na cúrsaí éigeantacha atá liostaithe ina bplean oiliúna. - Sástacht na n-oiliúnóirí (=>Ar a laghad 3 ar scála 1 go 5)
GC9	Oiliúint d'údaráis náisiúnta ar na córais TF atá á mbainistiú ag an nGníomhaireacht	2 chúrsa, ar a laghad, faoi gach córas i 2013	Sástacht na n-oiliúnóirí (=>Ar a laghad 3 ar scála 1 go 5)

²⁶ Mar shampla, i gcás ábhar dála Oracle, Weblogic agus/nó cruá-earraí sonracha), cuntas a dhéanamh de thascanna sainiúla an phearsanra & a leibhéal eiseach.

²⁷ Próiseáil víosaí mar shampla, timpeallacht ghnó EURODAC agus conas teagmhais a réiteach. I gcás VIS agus SISII, seachadfar an oiliúint seo bunaithe ar an ábhar seachadta ag an bpríomhchonraitheoir forbartha i rith VIS/BMS agus pleananna Idirthréimhseacha SISII (nósanna imeachta oibríochtúla den chuid is mó a dhéanann cur síos ar chásanna oibríochtúla mórscála nó laethúla).

GC10	Oiliúint d'oibreoírí SIRENE	4 Chúrsa i 2013 Braithfidh na gníomhaíochtaí beachta ar thoradh an phlé le CEPOL	Sástacht na n-oiliúnoírí (=>Ar a laghad 3 ar scála 1 go 5
GC 11	Oiliúint ball foirne meastóireachta agus príomhshaineolaithe Schengen	1-2 chúrsa i 2013 ag brath ar riachtanais na saineolaithe Braithfidh na gníomhaíochtaí beachta ar thoradh an phlé le FRONTEX agus CEPOL	Sástacht na n-oiliúnoírí (=>Ar a laghad 3 ar scála 1 go 5

2.7.4. Iniúchadh Inmheánach

Sprioc/ Cusp Uimh	Cuspóir	Torthaí & táscaire feidhmíochta	
		Toradh	Táscaire feidhmíochta
IA1	Iniúchadh a dhéanamh ar an gcóras rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm, d'fhonn a éifeachtúlacht a mheas agus, go ginearálta i gcomhthéacs fheidhmiú na n-aonad i bhforfeidhmiú thionscadail, ghníomhaíochtaí agus sheirbhísí na Gníomhaireachta, agus é mar aidhm feabhas leanúnach a dhéanamh.	An eagraíocht riachtanach a bhunú agus plean iniúchta trí bliana a shainiú	Eagraíocht i bhfeidhm agus plean iniúchta réidh do thús Ráithe 4.

2.7.5. Ábhair oibríochtúla agus Infreastruchtúr

Sprioc/ Cusp Uimh	Cuspóir	Torthaí & táscaire feidhmíochta	
		Toradh	Táscaire feidhmíochta
OPU1	Bainistíocht córas: (déileáil le córais oibriúcháin, nuashonruithe, táirgí oracle agus táirgí ginearálta, s.rl.)	1.1 Éifeachtúlacht bainistiú athruithe 1.2 Éifeachtúlacht bainistiú cumraíochta	Beidh táscairí sainiúla san áireamh sna comhaontuithe leibhéal seirbhíse forbartha faoi chuspóir MAN2 thuasluaite.
OPU2	Líonra: 2.1 Maoirseacht a dhéanamh ar an líonra & an caidreamh idir na Ballstáit & an soláthraí líonra do SIS II, VIS &	2.1 Infhaighteacht oiriúnach Líonra sTESTA (mar atá sainmhínithe sna táscairí líonra seo a leanas don	2.1-2 Beidh táscairí sainiúla san áireamh sna comhaontuithe leibhéal seirbhíse forbartha faoi

	<p>EURODAC a chomhordú & slándáil an infreastruchtúir chumarsáide do VIS & EURODAC a chinntiú (<i>freagracht de chuid an Choimisiúin é slándáil an infreastruchtúir do SIS II</i>).</p> <p>2.2 A chinntiú go bhfuil meas ar na bearta & na réamhchúraim a bhaineann le tascanna aon líonra atá curtha in iontaoibh comhlachtaí seachtracha sna earnáil phríobháideach.</p>	<p>líonra le haghaidh SIS II, VIS agus EURODAC)</p> <p>2.1.1 Infhaighteacht láithreach (infhaighteacht TAP arna tomhas ag fearas monatóireachta SLA, idir TAP agus láthair thagartha sainmhínithe (CU agus BCU)).</p> <p>2.1.2 Infhaighteacht tréchor (chun an % den bhandaleithead atá ar fáil i gcomparáid leis an sprioc bandaleithid)</p> <p>2.1.3 95 Peircintíl Moill Dé-Aistir Líonra (idir dhá shuíomh i gcomparáid le spriocleibhéal 95-peircintíl moill dé-aistir)</p> <p>2.1.4 95 Peircintíl Cóimheas Caillteanais Paicéid Líonra idir dhá shuíomh i gcomparáid leis an sprioc 95-peircintíl cóimheas caillteanais paicéid</p> <p>2.2 Nósanna imeachta oibríochtúla na gconraitheoirí seachtracha agus a gcomhréir le forálacha gaolmhara sna conarthaí a bhailíochtú</p> <p>2.3 Ullmhú agus cur chun feidhme líonra imirce do VIS, SIS II agus EURODAC i réimsí inniúlachta na Gníomhaireachta (mairseacht, slándáil agus bainistiú caidreamh idir na Ballstáit agus soláthraí an líonra nua).</p> <p><i>Féadfar breis táscairí don chuspóir seo a chur san áireamh sa chomhaontú leibhéal seirbhíse deiridh.</i></p>	<p>chuspóir MAN2 thuasluaite.</p> <p>2.3 Tráthúlacht na n-ullmhúchán</p>
OPU3	Deasc chabhrach	<p>3.1. Infhaighteacht fhoireann na deisce seirbhíse</p> <p>3.2. Infhaighteacht an chórais rianaithe eisiúna (Uirlis Bainistíochta Leibhéal Seirbhíse)</p>	<p>Beidh táscairí sainiúla san áireamh sna comhaontuithe leibhéal seirbhíse forbartha faoi chuspóir MAN2 thuasluaite.</p>

		3.3. Infhaighteacht na Catalóige Seirbhíse (liosta uileghabhálach na seirbhísí ar fad atá le cur i gcrích ag an nGníomhaireacht agus ag na Ballstáit).	
OPU 4	Monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú teicniúil na gCóras TF faoina bainistíocht & na sonraí teicniúla a bhailiú a theastaíonn chun a hoibleagáidí tuairiscithe, staitisticí agus monatóireachta a chomhlíonadh.	Staitisticí agus faisnéis maidir le feidhmiú na gcóras seo mar atá tuartha sna boinn dlí. Tugtar a thuilleadh faisnéise i bpointe 4.4.7.	Cáilíocht agus tráthúlacht na nithe insoláthartha

2.7.6. Acmhainní agus Ábhair Riaracháin

Sprioc	Cuspóir	Torthaí & táscaire feidhmíochta	
		Toradh	Táscaire feidhmíochta
	Taighde, staitisticí agus tuairisciú		
AS1	Monatóireacht: 1. Críoch a chur le hullmhúcháin do na nósanna imeachta monatóireachta do SIS II 2. Monatóireacht ar SIS II, VIS agus EURODAC	1. Críoch a chur ar nósanna imeachta faoi Mhárta 2013 2. Monatóireacht a chur chun feidhme	1. Cáilíocht agus tráthúlacht nósanna imeachta 2. Cáilíocht agus tráthúlacht na monatóireachta
AS2	Tuairisciú: Tuarascáil Ghníomhaíochta Bhliantúil don Gníomhaireacht don bhliain 2012 a ghlacadh agus a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, an Choimisiúin agus na Cúirte Iníúcháirí	15 Meitheamh 2013	2. Cáilíocht agus tráthúlacht
AS3	Tuairisciú Na hoibleagáidí tuairiscithe ar fad atá sonraithe sa Rialachán bunaidh agus na boinn dlí le haghaidh na gcóras TF faoi bhainistíocht na Gníomhaireachta a chomhlíonadh, lena n-áirítear: 1. Tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí Aonad	Dréacht-tuarascálacha ar tagraíodh dóibh sna boinn dlí.	Na hoibleagáidí tuairiscithe ar fad comhlíonta de réir na spriocdhátaí nó na hoibleagáidí dlí sainithe.

	<p>Lárnach EURODAC</p> <p>2. Tuairisciú ar an bhfeidhmiú teicniúil lena n-áirítear slándáil VIS dhá bhliain i ndiaidh é a chur chun feidhme (& gach 2 bhliain ina dhiaidh sin) agus é a sholáthar do Pharlaimint, Comhairle agus Coimisiún na hEorpa</p> <p><i>Beidh tuarascáil cosúil leis sin ag teastáil do SIS II, 2 bhliain i ndiaidh é a chur chun feidhme.</i></p>		
AS4	<p>Faisnéis don Choimisiún, don Pharlaimint, do MECS agus do na Ballstáit</p> <p>1. An fhaisnéis a sholáthar don Choimisiún atá riachtanach chun measúnú rialta a dhéanamh ar VIS, EURODAC agus SIS II</p> <p>2. Parlaimint agus Comhairle na hEorpa a chur ar an eolas maidir leis na bearta d'fhonn slándáil úsáid sonraí in VIS²⁸ a chinntiú nuair a bheidh pleananna slándála na Gníomhaireachta ar fáil.</p>	<p>Faisnéis oiriúnach a sholáthar nuair a theastaíonn a leithéid</p>	<p>Tuarascálacha/faisnéis a sholáthar in am</p>
AS5	<p>Staitisticí</p> <p>1. Críoch a chur leis an obair d'fhonn a chinntiú go bhfuil na sásraí bailithe staitisticí curtha chun feidhme ag na Ballstáit, lena n-áirítear rialacha coiteanna comhairimh, d'fhonn a bheith in ann na hoibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh ón gcéad lá d'oibríochtaí SIS II & ón tráth sin ar aghaidh staitisticí a bhaineann le SIS II de bhua ionstraimí bunúsacha SIS II a fhoilsiú</p> <p>2. Staitisticí a sholáthar maidir leis na córais TF atá sonraithe sa Rialachán Bunaidh agus sna boinn dlí do na córais TF faoi bhainistíocht na Gníomhaireachta</p>	<p>5.1 Staitisticí éifeachtacha agus nósanna imeachta tuairiscithe a bhunú do SIS II faoi Mhárta 2013.</p> <p>5.2 Na staitisticí ar fad a sholáthar</p> <ul style="list-style-type: none"> - Staitisticí maidir le SIS II ó Mhárta 2013 - Staitisticí maidir le VIS ó thús 2013²² - Staitisticí ráithiúla, tiomsuithe bliantúla staitistiúla ar obair Aonad Lárnach EURODAC agus aon staitisticí eile a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ó EURODAC 	<p>5.1 Tráthúlacht agus comhréireacht leis na hoibleagáidí dlí</p> <p>5.2 Tráthúlacht agus cáilíocht na staitisticí.</p>

²⁸ I mí na Bealtaine 2010, ghlac an Coimisiún le Cinneadh maidir le Plean Slándála do VIS, cinneadh a bhí mar bhonn le forálacha slándála ionstraimí bunúsacha VIS a fhorfheidhmiú. Tá an Cinneadh seo i bhfeidhm ón tráth a bhfuil VIS beo agus beidh sé i bhfeidhm go dtí go nglacann an Gníomhaireachta lena freagrachtaí, tráth a mbeidh a pleananna slándála féin aici.

<p>AS6</p>	<p>Monatóireacht ar thaighde</p> <p>1. Struchtúir oiriúnacha a bhunú d'fhonn monatóireacht ar thaighde a chinntiú</p> <p>2. Monatóireacht ar na forbairtí taighde ábhartha do bhainistiú oibríochtúil SIS II, VIS, EURODAC agus córais mhórsála eile TF.</p> <p>3. An t-eolas is déanaí a thabhairt do Pharlaimint, Comhairle agus Coimisiún na hEorpa agus Maoirseoir Cosanta Sonraí na hEorpa maidir le forbairtí a bhaineann le monatóireacht ar thaighde.</p>	<p>1. Na pleananna gníomhaíochta le haghaidh gach earnáil a phlé (córas) sna grúpaí comhairleacha i Ráithe 1 de 2013. Chomh maith leis sin, déanfar cur síos ar mheán/minicíocht oiriúnach na n-oibleagáidí tuairiscithe faoi phointe 3 thíos.</p> <p>2. Monatóireacht rialta ar forbairtí, Cumarsáid inmheánach ar fhaisnéis chuig páirtithe leasmhara trí mheán oiriúnach.</p> <p>3. Tuairisciú trí na cainéil chúí.</p>	<p>1-3. Cur chun feidhme tráthúil an phlean gníomhaíochta.</p>
<p>AS7</p>	<p>Lóistíocht agus bainistíocht foirgnimh</p> <p>Seirbhísí a sholáthar sna réimsí seo a leanas - bainistíocht foirgnimh, bainistiú áiseanna agus lóistíocht ar láithreacha uile na Gníomhaireachta;</p>	<p>1.1 Tascanna leanúnacha a bhaineann le bainistiú infreastruchtúir an áitribh shealadaigh Ceanncheathrún i dTaillinn.</p> <p>1.2 A chinntiú go bhfuil an obair chun an t-áitreabh nua Ceanncheathrún a sholáthar i dTaillinn ag leanúint ar aghaidh mar ba chóir</p> <p>1.3 Obair leantach a dhéanamh ar obair ath-chomhshó agus tógála déanta ag an gconraitheoir chun láthair Strasbourg a uasghrádú</p> <p>1.4 ullmhacht infreastruchtúr gaolmhar le SIS II a chinntiú.</p> <p>1.5 Tascanna leanúnacha a bhaineann le bainistiú infreastruchtúir ag láthair St Johann im Pongau</p> <p>1.6 Gnáthoibriú gan bhriseadh na seirbhísí lóistíochta;</p>	<p>1.1, 1.5, 1.6: Suirbhé bliantúil. Sástacht úsáideora cothrom le 75%, ar a laghad.</p> <p>1.2 Na hoibreacha ar fad sceidealta le haghaidh 2013 críochnaithe in am</p> <p>1.3 Faoi R2 clár mionsonraithe oibre a bhunú do na blianta idir 2014-2017 & táthar ag leanúint leis an obair mar ba chóir.</p> <p>1.4 Infreastruchtúir le haghaidh SIS II le críochnú roimh Mhárta 2013</p> <p>1.5 & 1.6 (féach 1.1)</p>
<p>AS8</p>	<p>AD: Creat inniúlachta na Gníomhaireachta a fhorbairt (riachtanais earcaíochta, riachtanais eagraíochtúla,</p>	<p>Creat inniúlachta i bhfeidhm.</p>	<p>Earcaíocht, roghnú agus próisis forbartha foirne bunaithe ar chreat inniúlachta.</p>

	riachtanais forbartha foirne).		
AS9	AD: Baill nua foirne a earcú agus baill nua foirne a chur in ionad ball a fhágann i ndáil leis an bplean bunaithe agus le cinntí an Stiúrthóra Feidhmeannaigh;	A chinntiú go bhfuil obair chun an 120 ball foirne a earcú críochnaithe a luaithe agus is féidir i 2013 Athsholáthar SNIanna agus foireann Gníomhaireachta, de réir na riachtanas, socrú tráthúil na foirne nua roghnaithe;	Poist líonta laistigh de 16 seachtain ón tráth foilsithe.
AS10	Tacaíocht riaracháin don Bhord Bainistíochta	4 chruinniú, ar a laghad, a eagrú (comhordú socrúithe lóistíochta, comhordú an chláir oibre agus na cáipéisíochta & rannpháirtíocht ED sa chruinniú).	Cáilíocht agus tráthúlacht nithe insoláthartha (go háirithe cáipéisí infhaighte roimh na cruinnithe, de réir théarmaí na nósanna imeachta oibríochtúla)
AS11	Tacaíocht Riaracháin do na Grúpaí Comhairleacha	An Ghníomhaireacht le rúnaíocht a chinntiú.	Cáilíocht agus tráthúlacht na nithe insoláthartha

2.7.7. Soláthar agus Conarthaí

Sprioc	Cuspóir	Torthaí & táscaire feidhmíochta	
		Toradh	Táscaire feidhmíochta
PC1	1.1-1.2 Nósanna imeachta airgeadais agus soláthair a chomhdhlúthú agus a athneartú, rialuithe ex ante san áireamh. 1.3. Comhairle iniúil a sholáthar maidir le nósanna imeachta soláthair d'aonaid eile na Gníomhaireachta agus do chonraitheoirí agus do sholáthraithe ionchasacha.	1.1 Nósanna imeachta a chomhdhlúthú & foireann ábhartha a chur ar an eolas Áiríonn sé seo struchtúir a chur i bhfeidhm d'ullmhacht agus cur chun feidhme nósanna imeachta tairisceana agus comhairliúchán indéanta saineolaithe Ballstát ar bhonn cáis do shaineolas teicniúil do nósanna imeachta meastóireachta agus sainmhíniú ar ghnéithe teicniúla a bhaineann le cáipéisí tairisceana. 1.2 Gach céim den nós imeachta conartha a chomhordú & aiseolas a sholáthar maidir leis an scóip feabhais. 1.3 Comhairle agus oiliúint intí a sholáthar.	1.1 Níos mó foirne oilte. 1.2 Níos mó nósanna imeachta soláthair críochnaithe in am 1.3 Sástacht úsáideora (trí shuirbhé bliantúil, toradh >=75%).
PC2	Gach sonrasc/iarratas ar aisíocaíocht a phróiseáil laistigh de na tréimhsí ama	2.1 Íocaíochtaí tráthúla 2.2 Anailís thréimhsiúil ar	2.1. Ní raibh níos lú ná 15% de na hidirbhearta íochta

	sonraithe.	mhoilleanna agus anailís a dhéanamh ar na moilleanna sin	laistigh de na srianta rialála. 2.2 Bíonn anailís mar bhonn le cuspóirí coincréiteacha feabhais
PC3	Faisnéis shaincheaptha airgeadais a chothabháil agus a fhorbairt do bhainistiú na Gníomhaireachta.	3.1 tuarascálacha míosúla forfheidhmithe buiséid 3.2 forléargais mhíosúla ar íocaíochtaí	3. Tráthúlacht tuarascálacha míosúla agus forléargais, agus leibhéal sástachta úsáideora (suirbhé bliantúil. Sástacht úsáideora >=75%)
PC4	Cur le forbairt, sruthlíniú agus forfheidhmiú bheartais soláthair na Gníomhaireachta, agus meas iomlán a thabhairt do reachtaíocht agus do threoirlínte AE.	Athbhreithnithe tréimhsiúla inmheánacha ar nósanna imeachta, ag cur ionchur úsáideoirí san áireamh, ex ante agus aon athruithe ar nósanna imeachta lárnaigh (uair sa bhliain, ar a laghad, agus é mar aidhm pleananna gníomhaíochta a mholadh chun feabhas a dhéanamh).	Athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh (roimh dheireadh 2013) agus athruithe a chur i bhfeidhm ar aon dul & ag teacht leis an sceideal atá sonraithe sa phlean gníomhaíochta.
PC5	Mionchoigeartú agus bailíochtú chóras cuntasáíochta na Gníomhaireachta, lena n-áirítear córais áitiúla bainistíochta airgeadais	5.1 Córas Cuntasaíochta na Gníomhaireachta deartha agus bailíochtaithe. 5.2 Réamhráite agus modhnuithe ar an gcóras déanta i ndiaidh comhairliúcháin le hoifigigh údaraithe agus bailíochtaithe ag an oifigeach Cuntasaíochta.	Bailíochtú dearfach seachtrach
PC6	Na cuntais a choimeád agus a léiriú i gcomhréir le Teideal VII an Rialacháin Airgeadais	6.1. Go mbeidh na cuntais ag comhlíonadh na rialacha, go mbeidh siad cruinn agus críochnúil agus go dtugann siad léargas fíorcheart ar shócmhainní agus ar dhliteanais na Gníomhaireachta, an staid airgeadais agus táirgeacht na bliana airgeadais; 6.2. Córas an mhórleabhair ioncaim agus an mhórleabhair ghinearálta coinnithe agus sonraí cothrom le dáta iontu; 6.3. Soláthraítear faisnéis rialta don Ghníomhaireacht maidir leis na hidirbhearta atá bunaithe agus bailíochtaithe sa chóras cuntasaíochta lárnaigh ABAC/SAP); 6.4. Réitítear an clár bainistíochta agus sócmhainní	6.1-2 Léirítear meas ar fhorálacha uile an Rialacháin Airgeadais sna cuntais 6.3. Tráthúlacht na dtuarascálacha arna soláthar 6.3 & 6.6 Cruinnithe míosúla le hoifigigh údaraithe

		<p>cistíochta go rialta agus cuirtear comhpháirtithe ábhartha ar an eolas go cuí má thagann neamhréiteach ar bith chun cinn;</p> <p>6.5. Cinntítear go ndéantar monatóireacht rialta ar thabhairt chun rialtacht a oibríochtaí nach oibríochtaí buiséid iad;</p> <p>6.6. Idirphlé le hoifigigh um údarú ar chúrsaí cuntasaíochta;</p> <p>6.7. Na rialacha agus na modhanna cuntasaíochta agus an chairt chuntasaíochta a chur chun feidhme i gcomhréir leis na forálacha arna nglacadh ag Oifigeach Cuntasaíochta an Choimisiúin Eorpaigh;</p>	<p>6.5. Líon laghdaithe neamhréiteach</p> <p>6.6 Cruinnithe Míósúla le hoifigigh údaraithe</p> <p>6.7</p> <p>Ní raibh aon bhreathnóireachtaí diúltacha i gceist</p>
PC7	<p>Na caighdeáin rialaithe inmheánacha a chur chun feidhme laistigh den eagraíocht, athbhreithnithe tréimhsiúla a dhéanamh agus a chinntiú go bhfuil an fhoireann ar an eolas faoin na caighdeáin seo agus faoi nósanna imeachta gaolmhara.</p>	<p>Plean gníomhaíochta a chur i bhfeidhm chun caighdeáin a fhorfheidhmiú laistigh den Ghníomhaireacht.</p> <p>Ba chóir caighdeáin a bhaineann le bainistiú airgeadais a chur chun feidhme a luaithe agus is féidir.</p> <p>Maidir le hanailís riosca, de bharr nádúr na gcóras TF faoina bainistíocht, táthar ag súil go sáróidh an Ghníomhaireacht na caighdeáin bonnlíne seo sa réimse seo gan mhoill.</p> <p>2 athbhreithniú in aghaidh na bliana.</p> <p>Achoimre na gcaighdeán ar an inlíon a fhoilsiú & tagairt dóibh siúd san oiliúint ionductaithe don fhoireann.</p>	<p>Líon caighdeán curtha i bhfeidhm go hiomlán Sprioc: géilliúlacht 100%.</p> <p>Má bhíonn, de dheasca imthosca eisceachtúla, roinnt caighdeán nár cuireadh i bhfeidhm go hiomlán, ní mór pleananna gníomhaíochta soiléire a chur i bhfeidhm chun an cas a réiteach a luaithe agus is féidir i ndiaidh dheireadh na bliana.</p>
PC8	<p>Íocaíochtaí a chur chun feidhme, ioncam a bhailiú, nótaí d'obair leantach, CBL agus orduithe aisghabhála</p>	<p>Dianbheartas stáitchiste curtha chun feidhme.</p>	<p>Tá na cistí ar na cuntais bhainc ag teacht le riachtanais iarbhír na Ghníomhaireachta</p>
PC9	<p>Cumas neamhspleáchas iomlán airgeadais a</p>	<p>Gnéithe riachtanacha de chuspóirí 1-4 (1.1-1.3 2.1-2.2, 3.1-3.2, 5, 6, 7 & 8 a chur</p>	<p>9.1 An fhoireann airgeadais ar fad earcaithe agus fuair 90% díobh oiliúint iomlán</p>

	bhaint amach a léiriú.	chun feidhme i 2013.	airgeadais. 9.2 Comhordú sásúil (ex ante san áireamh) nósanna imeachta i bhfeidhm 1.1-1.2 thuasluaite (cáilíocht phróiseáil na gcomhad tástála arna rialú ag COM) 9.3 Toradh seiceáil ar an láthair d'fhonn feidhmiú sásúil a chinntiú nó cumas fheidhmiú sásúil na dtáscairí a bhaineann le PC1-8 a chinntiú.
PC 10	Plean soláthair a ullmhú	Plean soláthair a ullmhú i Ráithe 4 2012.	Cáilíocht agus tráthúlacht

2.7.8. Slándáil

Cusp Uimh. & Sprioc (G)	Cuspóir	Torthaí & táscaire feidhmíochta	
		Toradh	Táscaire feidhmíochta
SE1	Slándáil A chinntiú go bhfuil oifigí na Gníomhaireachta ag feidhmiú i dtimpeallacht oiriúnach slándála, ag léiriú measa ar phlean slándála na Gníomhaireachta (agus an plean athshlánaithe ó thubaiste, nuair a bhíonn sé tugtha chun críche). San áireamh anseo beidh bearta d'fhonn a chinntiú go bhfuil an fhoireann ar an eolas maidir leis na rialacha bunúsacha slándála agus na nósanna imeachta a bhaineann lena gníomhaíochtaí agus go dtuairiscítear Teagmhais agus Mírialtachtaí.	1.1 Comhairle / nuashonruithe d'aonaid eile na Gníomhaireachta ar shlándáil 1.2 Oiliúint slándála don fhoireann 1.3 Feidhmiúlacht na nósanna imeachta i gcleachtas a bhailíochtú agus plean BCP nuair a bhí sé faofa. 1.4 Pleananna gníomhaíochta a chur i bhfeidhm d'fhonn déileáil le ceisteanna aitheanta.	1.1 Cáilíocht & soiléiriú faisnéise 1.2 Beidh oiliúint slándála curtha ar an bhfoireann ar fad faoi dheireadh 2013 1.3 Ní raibh aon torthaí tromchúiseacha diúltacha le tabhairt faoi deara

SE2.	A chinntiú go léirítear meas ar riachtanais rialacha na rúndachta proifisiúnta don fhoireann atá ag obair le sonraí sna córais	2.1 Faisnéis/oiliúint don fhoireann 2.2 Seiceálacha ócáideacha (uair sa bhliain, ar a laghad) + pleananna gníomhaíochta a chur chun feidhme chun aon cheisteanna aitheanta a réiteach.	2.2 Níor aimsíodh aon torthaí suntasacha diúltacha D'fhéadfaí táscairí sainiúla eile a chur leis na comhaontuithe leibhéal seirbhíse forbartha faoi chuspóir MAN2 thuasluaite.
SE3	Críoch a chur le hobair ar leanúnachas gnó agus ar phlean athshlánaithe do thubaiste don Ghníomhaireacht.	3.1 Críoch a chur le plean faoi Mhárta 2013	3.1 Tráthúlacht an fhorfheidhmithe
SE4	A chinntiú go bhfuil gnéithe slándála uile curtha san áireamh i bpleanáil agus athstruchtúrú ar áitreabh na Gníomhaireachta	4.1 A sheiceáil go bhfuil na caighdeáin slándála á gcomhlíonadh ag na háitribh. Plean gníomhaíochta a chur i bhfeidhm d'aon cheisteanna aitheanta.	4.1 Sástacht úsáideora Níor aimsíodh aon torthaí suntasacha diúltacha
SE5	A chinntiú go bhfuil bearta slándála & pleananna slándála do SIS II, VIS & EURODAC agus do líonraí cumarsáide bainteach leis na córais seo á gcur chun feidhme go hiomlán.	5.1 faisnéis, comhairle agus oiliúint slándála don fhoireann 5.2 Tuarascálacha rialta maidir le comhlíonadh agus sainmhíniú mionsonraithe ar leibhéal seirbhíse + Seiceálacha bliantúla 5.3 Seiceáil bhliantúil ar fheidhmiú BCP agus athbhreithniú a dhéanamh más gá	Beidh táscairí sainiúla san áireamh sna comhaontuithe leibhéal seirbhíse forbartha faoi chuspóir MAN2 thuasluaite.

Iarscríbhinn A - Buiséad

Tá na figiúirí anseo thíos bunaithe ar an Dréachtbhuiséad don Ghníomhaireacht don bhliain 2013 arna ullmhú ag an gCoimisiún ina ról airíoch agus arna ghlacadh ag an mBord Bainistíochta. Tá líon iomlán an fhóirdheontais AE le soláthar don Ghníomhaireacht i 2013 glactha ag an gCoimisiún. Dá réir sin, tá sé dlite le faomhadh ag an Údarás Buiséadach faoi dheireadh 2012, mar chuid de Bhuiséad Ginearálta an AE don bhliain 2013.

2.8. Tuar buiséid – Dréachtbhuiséad 2013

	Leithreasáí tiomantais (EUR)	Leithreasáí fócaíochta (EUR)
Teideal 1		
Caiteachas Foirne	14,962,000	14,787,000
11 Tuarastail & liúntais	14,262,000	14,262,000
- arbh poist den phlean bunaíochta iad	13,851,000	13,851,000
-arbh pearsanra seachtracha iad	411,000	411,000
12 Caiteachas i ndáil le hearcú Foirne	0	0
13 Costais misin	300,000	225,000
14 Bonneagar soch-mhíochaine	0	0
15 Oiliúint	400,000	300,000
16 Seirbhísí Seachtracha	0	0
17 Fáiltithe agus imeachtaí	0	0
Teideal 2 – Infreastruchtúr agus caiteachas oibríochta	15,138,000	9,920,000
20 Foirgnimh ar cíós agus costais ghaolmhara	5,523,000	3,645,000
21 Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide	0	0
22 Maoin shochorraithe agus costais ghaolmhara	0	0
23 Caiteachas riaracháin reatha	0	0
24 Postas / Teileachumarsáid	0	0
25 Costais chruinnithe	715,000	850,000
26 Costais reatha i ndáil le gníomhaíochtaí oibriúcháin	8,500,000	5,100,000
27 Faisnéis agus foilsitheoireacht	300,000	225,000
28 Staidéir	100,000	100,000
Teideal 3 – Caiteachas oibríochtúil	10,900,000	9,730,000
Costas oibríochtúil (le bheith sonraithe de réir caibidle)	10,900,000	9,730,000
CAITEACHAS IOMLÁN	41,000,000	34,437,000

Foinse: Dréachtráiteas na Meastachán um Ioncam agus Caiteachas i 2013 de chuid na Gníomhaireachta Eorpaí um bainistiú oibríochtúil na gcóras TF mórsála i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais

Iarscríbhinn B – Forbhreathnú ar rioscaí criticiúla agus bearta maolaithe

Tá próiseas bainistíochta riosca corparáideach, ar fud na heagraíochta, forbartha ag an nGníomhaireacht. Tá sé mar aidhm leis seo na rioscaí (lena n-áirítear na freagairtí gaolmhara) a chomhbhailiú ar leibhéal eagraíochtúil agus an próiseas seo a chomhtháthú sa tuairisciú agus sa phleanáil bhliantúil, i gcomhréir le Caighdeán Rialaithe (ICS) Uimh 6 de chuid an Choimisiúin²⁹.

Sainmhínítear riosca mar imeacht nó sraith imeachtaí éiginnte ar cheart, má tharlaíonn a leithéid, go mbeadh tionchar diúltach acu ar ghnóthú na gcuspóirí leagtha amach sa Clár Oibre bliantúil agus seachadadh na spriocanna meántéarmacha de chuid na Gníomhaireachta. Ní léiríonn an forbhreathnú ach rioscaí criticiúla.

Glactar leis go bhfuil riosca “criticiúil” agus tuairiscítear sa Chlár Oibre agus sa Thuarascáil Ghníomhaíochta é sa chás gur féidir leis:

- réadú na mórchuspóirí a chur i gcontúirt;
- damáiste tromchúiseach a dhéanamh do chomhpháirtithe na Gníomhaireachta (an Coimisiún, Ballstáit, cuideachtaí, saoránaigh, s.rl.);
- a bheith mar chúis le hidirghabháil ar leibhéal polaitíochta (m.sh. Comhairle/Parlaimint) i ndáil le feidhmíocht na Gníomhaireachta;
- a bheith mar chúis le sárú dlíthe agus rialachán;
- a bheith mar chuid le caillteanas ábhartha agus/nó airgeadais;
- sábháilteacht fhoireann na Gníomhaireachta a chur i mbaol; nó
- damáiste tromchúiseach a dhéanamh ar chaoi ar bith d’íomhá agus de cháil na Gníomhaireachta;
- fiú mura bhfuil a leithéid cumhdaithe sna catagóirí thuas, ba cheart glacadh leis freisin go bhfuil riosca criticiúil más ionann iolrúchán a tháscairí dóchúlachta agus tionchair agus ar a laghad 20 (sa chás go ndéantar na rioscaí a mheas ar scála 1-5 le 5 mar an leibhéal - criticiúil - is airde).

²⁹ Féach freisin cuspóir sainiúil PC7 i bpointe 2.7.7.

(1) Forbhreathnú ar rioscaí (bagairtí) criticiúla a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar Clár Oibre 2013

Uimh Thag .	Cur síos ar an riosca (cúis, imeacht agus éifeacht)	Cuspóirí i gceist	Cineál freagartha ³⁰	Gníomhartha
01	Riosca i leith moill i ndáil le háitreabh an cheanncheathrún buan i dTaillinn a chur ar fáil, mar aon le fadhbanna i bhfadú na socruithe chun fanacht san áitreabh sealadach	AS7 (tionchar ar chuspóirí uile)	Laghdaigh	<ul style="list-style-type: none"> • Dlúth-mhonatóireacht ar obair an chonraitheora foirgníochta chun a chinntiú go bhfanann an obair chun an Ceanncheathrú nua i dTaillinn a chur ar fáil ar sceideal • Bain leas as sainchomhairle ó OIB (SLA) le haghaidh comhairle ar aon saincheist a d'fhéadfadh a theacht chun cinn • Brúigh chun cinn le haghaidh réitigh dlíthiúil i leith fadú na socruithe don áitreabh sealadach, sa chás go n-éilítear a leithéid
02	Riosca i leith moill i ndáil le háitreabh na láithreach teicniúil in Strasbourg a chur ar fáil	AS7	Laghdaigh	<ul style="list-style-type: none"> • Luathaigh an próiseas leathnaigh i ndáil leis an áitreabh sealadach eiseach (bungaló) • Seol litir oifigiúil chuig údaráis na Fraince chun spriocdháta soiléir a shocrú le haghaidh aistriú an fhoirgnimh reatha chuig an gCoimisiúin. Lean go dlúth leis seo chun a chinntiú go gcomhlíontar an spriocdháta.
03	Riosca i leith neamhdhaingniú acmhainní buiséadacha i 2013 a bheidh riachtanach chun infhaighteacht an 30 acmhainn bhreise a chinntiú, a bhfuil gá leo chun na Cripea-bhoscaí a bhainistiú amhail ó 2014 nuair atá an Conradh le OBS thart.	OPU2 (2.2)	Laghdaigh	<ul style="list-style-type: none"> • Cuir staidéar i gcrích agus é ar intinn argóint láidir a chur i láthair don ghá atá leis na hacmhainní breise seo. • Méadaigh riachtanais i dtreo an chonraitheora líonra nua ag soláthar trealaimh chripteagrafaíochta chun tacaíocht agus oiliúint bhreise a sholáthar do chomhaltaí foirne eile.

³⁰ Is iad na cineálacha freagartha um riosca bagartha: Laghdaigh (glac gníomh de lámh chun an dóchúlacht nó tionchar a laghdú; fanann freagracht as éifeacht(aí) an riosca agus beart(a) freagartha leis an nGníomhaireacht; Bain (athraigh scóip an chuspóra gnó atá i gceist); Aistrigh (glacann tríú páirtí freagracht as an riosca); Glac (cinneadh coinsiasach agus de bhun tola glacadh leis an riosca agus go háirithe, éifeacht(aí) féideartha ar an gcuspóir gnó); Roinn (roinntear freagracht d'éifeacht(aí) an riosca agus beart(a) freagartha riosca idir na páirtithe ábhartha)

Uimh Thag .	Cur síos ar an riosca (cúis, imeacht agus éifeacht)	Cuspóirí i gceist	Cineál freagartha ³⁰	Gníomhartha
04	<p>Riosca i leith gan a bheith in ann neamhspleáchas airgeadais a bhaint amach i 2013</p> <p><i>Táthar tar éis coinníollacha dochta a leagadh i ndáil le haistriú na freagrachta airgeadais chuig an nGníomhaireacht. Ní dhéanfar comhghéilleadh orthu seo.</i></p> <p><i>Méadóidh aon mhoill in aistriú na freagrachta seo chuig an nGníomhaireacht an chastacht um chur chun feidhme na nósanna imeachta airgeadais, de bharr srianta ar na hacmhainní ar fáil sa Choimisiún. D'fhéadfadh go mbeadh impleachtaí fadréimseacha aige seo ar ghníomhaíochta oibríochtúla agus lóistíochta uile na Gníomhaireachta.</i></p>	PC1-9 (tionchair ar fhormhór na gculpóirí)	Laghdaigh	<ul style="list-style-type: none"> • Tabhair tús áite do chinntiú go bhfuil príomhlíon saineolaithe airgeadais oilte i measc na chéad chomhaltaí foirne le hearcú (féach 1 thuas) • Cinntigh go bhfuil an príomhghrúpa seo de chomhaltaí foirne airgeadais oilte go hiomlán chun tabhairt faoi nósanna imeachta airgeadais ríthábhachtacha, lena n-áirítear ex ante agus soláthar aiseolais inmheánaigh. • Líonraigh le Gníomhaireachtaí eile chun leas a bhaint as a gcuid eispéireas agus dea-chleachtas i mbunú a gcóras airgeadais. • Faigh comhairle ón gCoimisiún ar ábhair chriticiúla • Pléigh an fhéidearthacht i leith nósanna imeachta earcaíochta eisceachtúla don fhoireann airgeadais, sa chás nach leor líon na n-earcaithe atá aimsithe faoi go luath i 2013